Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 26

# Oideachas agus Scileanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, do sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair don chaiteachas don bhliain.

***Cláir a athstruchtúrú***

I mblianta roimhe seo thuairiscigh an Roinn faoi cheithre chlár le seirbhísí caipitil san áireamh mar chlár ar leithligh. Ó 2019 amach áirítear na costais seo sa chlár gaolmhar. Ullmhaíodh cuntas 2019 de réir mheastachán athbhreithnithe na Roinne Oideachais agus Scileanna agus taifeadtar ann ollchaiteachas €10.4 billiún ar thrí chlár-réimse. Ath-leithdháileadh figiúirí na dtorthaí 2018 trasna na dtrí chlár chun na socruithe athbhreithnithe tuairiscithe a léiriú.

***Barrachas don bhliain***

Tá barrachas de €6.263 milliún dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 chun 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Agus an cuntas á ullmhú, cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a dhéanamh, mar atá siad leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) i gCiorclán 27 de 2019.

***Dímheas***

Is é beartas na Roinne sócmhainní caipitil a dhímheas ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchais measta. Ríomhtar dímheas ar bhonn bliantúil. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na héadála agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain na diúscartha. Cuirtear an ráta caighdeánach dímheasa 10% i gcás troscáin agus feisteas agus 20% i gcás trealamh oifige i bhfeidhm. Ní dhéantar talamh agus foirgnimh agus sócmhainní faoi fhorbairt a dhímheasú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcuirtear i bhfeidhm sa Roinn é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, na bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna (AD) agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an t-iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun cliseanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart cuí ceartúcháin
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoin tslí le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe Riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin ann agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ar na heilimintí seo a leanas.

- tá córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag na hardbhainisteoirí.
- déanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn.
- tá córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- tá treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplín fhoirmiúil um bainistíocht tionscadail.
- déanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas agus ceannach ar bun agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu ag obair ann agus iad ag feidhmiú de réir cairte scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhíonn a beartais iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a fhaomhaim féin, bunaithe. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go gcuirtear moltaí a áirítear i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm go tráthúil.

Rannóg laistigh den Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus Aontais Eorpaigh is ea Údarás Iniúchta Chiste Sóisialta na hEorpa agus tá sé neamhspleách ó thaobh feidhme agus oibríonn sé de réir a chairte scríofa féin, atá faofa agam. Tuairiscíonn sé don Choiste Iniúchóireachta agus don Choimisiún Eorpach maidir le seoladh a chláir iniúchóireachta i leith riachtanais rialála an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh i ndáil le bainistíocht, rialú agus iniúchadh chistí Chiste Sóisialta na hEorpa in Éirinn.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Déanann an Roinn cinnte de go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas agus ceannach ar bun agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar treoirlínte ábhartha soláthair. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás ceithre chonradh (os cionn €25,000), arbh fhiú €447,868 (gan CBL san áireamh) iad san iomlán, mar atá leagtha amach thíos.

- Dhá chonradh sa raon luacha €25,000 go €100,000 arbh fhiú €109,416 san iomlán iad i ngeall ar chonarthaí a bheith tugtha ar aghaidh ar chúiseanna leanúnachais ghnó ar feitheamh ar phróiseas tairisceana a bheith tugtha chun críche.
- Dhá chonradh ar fiú €338,452 go carnach iad sa raon luacha €100,000 go €200,000 mar ar cuireadh síneadh leis an gconradh ar chúiseanna práinneacha/leanúnachais ghnó.

Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ar gach cás agus tá bearta á ndéanamh nuair is féidir. Lena chois sin, tá an Roinn réamhghníomhach sa chlár um athchóiriú soláthair agus tá sí ag tapú na deise chun conarthaí agus creata láraithe a úsáid nuair is cuí.

Chuir an Roinn mionsonraí na gconarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, trína n-aithnítear agus a dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta a chuirtear i gcrích le díriú ar na rioscaí sin agus, a mhéad is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann a shonraíonn na príomhrioscaí a bhíonn ag na Roinn agus tá siad seo sonraithe, measta agus grádaithe de réir a thábhachtaí atá siad. Síníonn ceann an aonaid ghnó na rioscaí agus tugann an ball den Bhord Bainistíochta atá freagrach as an réimse gnó sin ar aird iad. Tugann an clár mionsonraí maidir leis na rialuithe agus na bearta a bhíonn ag teastáil le rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile ábhartha, chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Le linn 2019, athbhreithníodh téarmaí tagartha an Choiste Riosca agus ghlac an tArd-Rúnaí leo. Ba é cuspóir an athbhreithnithe raon agus ballraíocht an Choiste a athbhreithniú.

Athbhreithníodh Creat Rialaichais na Roinne agus tugadh cothrom le dáta é in 2019 chun léiriú a thabhairt ar fhorbairtí ar rialachas corparáideach ó foilsíodh é den chéaduair i mí na Bealtaine in 2016. Tá sé faoi athbhreithniú i gcónaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh; cuirtear seo in iúl go tráthúil do na bainisteoirí agus don Bhord Bainistíochta freisin, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca atá aici. Maidir le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn a bhfuil sé d'fhreagracht orthu an creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, cuireann siad bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí ar an rialú inmheánach airgeadais sa Roinn i ndáil le 2019 ar ar lean caillteanais is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Seirbhísí Comhroinnte Párolla***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte a oibriú.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a thabhairt ar oibriú na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Tá an dearbhú sin comhdhéanta de:

- obair iniúchta inmheánaigh a dhéanann Aonad Iniúchta Inmheánaigh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- iniúchtaí a sheolann gnólachtaí cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Theagmhálacha Dearbhaithe (*ISAE* 3402), a dearadh le tuairisciú a dhéanamh do ranna úsáideora agus dá n-iniúchóirí ar rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Cuimsíonn na hiniúchtaí seo (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus anailís bhearna a chur ar fáil, arna leanúint le (ii) tuairisc ar dhearadh agus leitheadúlacht rialuithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cibé ar oibrigh na rialuithe go héifeachtach.

Tá litir faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte ina ndéantar an dul chun cinn a thuairisciú ar chur i bhfeidhm an phróisis dearbhaithe iniúchta agus meastar go dtuairisceofar torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, leitheadúlacht agus oibriú na rialuithe dom mar atá leagtha amach sa litir sin.

Glacaim leis mar dhearbhú ar an gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte mar a thuairiscítear domsa iad ón Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte.

***Rialachas corparáideach earnáil an oideachais***

I rith 2019, lean an Roinn de bheith ag dul chun cinn le hobair chun a cur chuige a neartú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus ar shocruithe cuntasachta ar fud earnáil an oideachais. Is Coiste den Bhord Bainistíochta ar Rialachas agus Cuntasacht na hEarnála atá i gceannas ar an obair seo agus mise, mar Ard-Rúnaí, an cathaoirleach. Sa tréimhse seo, chuir an Roinn deireadh

- le próiseas athbhreithnithe bunaithe chun iniúchadh a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an fheidhm iniúchta inmheánaigh i gceithre chinn d'fhorais choimirce na Roinne a d'eisigh tuarascálacha in 2019. Scrúdaíodh san athbhreithniú seo
    - acmhainniú an iniúchta inmheánaigh
    - an tslí ar chuir an t-iniúchadh inmheánach luach leis na forais
    - an leibhéal comhréireachta le dea-chleachtas in iniúchadh inmheánach agus
    - cibé ar chomhlíon na forais riachtanais an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* 2016.

Faoi réir mhonatóireacht ráithiúil na Roinne, táthar ag díriú i gcónaí ar thorthaí an phróisis athbhreithnithe seo leis na forais i dtrácht le cinntiú, mar is cuí, go ndéanfar beart feabhsúcháin nó iarghníomh. Ceachtanna ón bpróiseas athbhreithnithe nár mhór díriú orthu go lárnach, cuireadh in iúl iad do 14 fhoras coimirce eile na Roinne.

- pléadh foras cuí ábhair a thabharfadh faoi Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar fhoras coimirce (cuirfear tús leis an gcéad athbhreithniú in 2020);
- forbraíodh tuairisceán foirmiúil um dhearbhú comhlíonta, a bheadh le líonadh isteach ag Ranna maoirseachta na Roinne a bhfuil ceannas acu ar fhorais choimirce na Roinne – cuirfear tús leis i ráithe 2 de 2020.

Oibríonn an Roinn leis na forais atá faoina choimirce i gcónaí le cinntiú go sásaítear na coinníollacha maoirseachta atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (leasaithe) agus go bhfuil comhaontuithe urrúnta soláthar feidhmíochta nó a gcoibhéis i bhfeidhm i ngach foras. Mar ba chuí, oibríonn an Roinn lena forais choimirce le cinntiú gur aontaíodh agus gur doiciméadaíodh maoluithe am-teoranta nó maoluithe iomlána ó ghnéithe den Chód chun riachtanais an chóid ‘comhlíon nó mínigh’ a shásamh.

Laistigh den earnáil oideachais ghinearálta, tá cóid chleachtais earnála atá ailínithe le creata áirithe rialála Ollscoileanna,Institiúidí Teicneolaíochta agus na mBord Oideachais agus Oiliúna, i bhfeidhm. Eisíodh cód earnála an Bhoird Oideachais agus Oiliúna d’earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) in Eanáir 2019 agus foilsíodh Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta in Eanáir 2018 agus tugadh suas chun dáta é i Meán Fómhair 2019 ina dhiaidh sin. Foilsíodh An Cód Rialachais Ollscoile i Meán Fómhair 2019.

Tá ballraíocht ag an Roinn i gcónaí san Fhóram Rialtais do Sheirbhísigh Phoiblí agus do Státseirbhísígh. Is é An Foras Riaracháin a riarann an fóram trína gcuirtear chun cinn dea-rialachas agus trína gcuirtear comhairle thráthúil agus tacaíochtaí eolais ar fáil don Roinn chun an dea-rialachas a bhreisiú.

***Athchóiriú na hearnála poiblí***

In 2019, lean an Roinn dá Phlean Seirbhísí Comhroinnte le haghaidh 2017-2020 a chur ar fáil, trína n-imscrúdófar na deiseanna do thionscnaimh seirbhíse comhroinnte ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna agus bhíothas rannpháirteach go gníomhach i dtabhairt isteach na seirbhísí comhroinnte traidisiúnta ar fud na Státseirbhíse. Seo na príomhthionscadail a ndearnadh dul chun cinn maidir leo i rith 2019:

- Seirbhísí comhroinnte párolla don earnáil BOO. Tá trí cinn de bhoird oideachais agus oiliúna ag fáil seirbhísí cothabhála párolla agus taistil anois ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte. Meastar go leanfar de na seirbhísí a chur ar fáil le linn 2020 agus 2021 agus rachaidh na boird oideachais agus oiliúna deiridh isteach sa tseirbhís go luath in 2022.
- Seirbhísí comhroinnte airgeadais don earnáil BOO. Tar éis meastóireacht agus caibidlíocht fhorleathan le linn 2019, meastar go gcuirfear deireadh leis an soláthar in R2 2020.he Ta na dátaí chun seirbhísí comhroinnte a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a chur ar fáil faoi athbhreithniú i láthair na huaire.
- Seirbhísí Comhroinnte AD/Párolla don earnáil ardoideachais. Tugadh cás gnó athbhreithnithe ina moltar an cur chuige is fearr don earnáil chun críche in 2019. Cheadaigh an Bord Stiúrtha agus an Bord an cás gnó faoi réir ‘cruthúnas coincheapa’ a bheith curtha i bhfeidhm le hOllscoil amháin, Institiúid Teicneolaíochta amháin agus Coláiste Breisoideachais amháin. Meastar go rachaidh an cruthúnas coincheapa trí na céimeanna dearaidh go cur i bhfeidhm in 2020.
- Taifid sonraí fostaithe scoileanna agus tionscadal seirbhísí comhroinnte párolla. In 2019 tugadh faoi lá rannpháirtíochta margaidh agus mionteagaisc do sholáthraithe maidir leis na réitigh fhéideartha bogearraí atá ar fáil. Rinneadh athbhreithniú ar ‘ghuth an chustaiméara’ chun tuiscint a fháil ar riachtanais na scoileanna agus úsáideoiri eile ionas gur féidir iad a léiriú sna riachtanais. Meastar go ndéanfar na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla a fhorbairt go hiomlán in 2020 ag súil le hiad a chur ar an margadh i ráithe 4 2020.
- I measc na dtionscadal suntasach eile sa réimse seo a ndearnadh dul chun cinn maidir leo in 2019 bhí

- athchumrú na BOO; athbhreithniú agus uasghrádú ar Ionad Feabhais na Seirbhísí Comhroinnte a sholáthraíonn seirbhisí dlí don earnáil BOO agus dul chun cinn maidir le Cód Cleachtais nua a dhréachtú maidir le Rialachas BOO (a foilsíodh ar 30 Eanáir 2019).
- samhail Oifig an tSoláthair Rialtais: Cuireadh pleanáil chorparáideach soláthair agus forbairt pleananna ilbhliantúla soláthair sna hearnálacha ardoideachais agus BOO ar fáil chun tacú le samhail Oifig an tSoláthair Rialtais in 2019. Ghabh an obair seo eolas úsáideach réamhinste a thiomáinfidh an t-éileamh ar chreataí agus ar chonarthaí ar leibhéal lárnach chun cabhrú le dúshláin maidir le comhlíonadh a réiteach le himeacht aimsire
- párolla printíseach agus foghlaimeoirí: Tháinig sé chun solais in 2019 go raibh gá le réiteach práinneach ionas go bhféadfadh an earnáil párolla printíseach a phróiseáil ar mhodh cáinchomhlíontach tar éis cinneadh ó na Coimisinéirí Ioncaim go déanach in 2017 maidir leis an aistriú go nuachóiriú ÍMAT. Rinneadh obair fhairsing ar chúrsaí dlí agus soláthair le cinntiú go bhféadfaí an phróiseáil a thabhairt chun críche faoi cheann de chonarthaí na Roinne ar shlí chomhlíontach. Slógadh foireann tionscadail agus chuaigh an réiteach printíseach beo i Márta 2020. Meastar go n-aistreofar foghlaimeoirí eile cosúil leo siúd atá ar scéimeanna pobalbhunaithe, *VTOS* agus Ógtheagmháil go dtí an réiteach seo in R3 agus R4 de 2020 ionas go mbeidh gach printíseach agus foghlameoir san aon chóras amháin.

**Séan Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

31 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oideachas agus Scileanna agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, tá cur síos déanta orthu sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Tuairisciú ar nithe eile ag eascairt ón iniúchadh*

I gCaibidil 8 de mo thuairisc ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2019 tá imscrúdú ar bhainistiú na Roinne ar eastáit na scoile.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

7 Lúnasa 2020

# Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Clárchaiteachas** | | | | | |
| A | Oideachas chéad leibhéal, dara leibhéal agus luathbhlianta | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,106,258 | | | |
| | *Forlíontach* | 90,099 | | | |
| | | | 8,196,357 | 8,244,663 | 7,784,469 |
| B | Forbairt scileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 440,962 | | | |
| | *Forlíontach* | 400 | | | |
| | | | 441,362 | 432,548 | 361,359 |
| C | Ardoideachas | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,734,327 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,000 | | | |
| | | | 1,743,327 | 1,696,203 | 1,664,815 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,281,547 | | | |
| | *Forlíontach* | 99,499 | | | |
| | | | **10,381,046** | **10,373,414** | **9,810,643** |
| | *Asbhain* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 480,891 | | | |
| | *Forlíontach* | 31,499 | | | |
| | | | **512,390** | **511,021** | **586,860** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,800,656 | | | |
| | *Forlíontach* | 68,000 | | | |
| | | | **9,868,656** | **9,862,393** | **9,223,783** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid dá ndéantar soláthar thar an nglanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **6,263,475** | **114,463,727** |

**Séan Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

31 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Clárchostas** | | | |
| Pá | | 6,285,088 | 6,056,794 |
| Neamhphá | | 4,088,326 | 3,753,849 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,373,414** | **9,810,643** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **511,021** | **586,860** |
| **Glanchaiteachas** | | **9,862,393** | **9,223,783** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim ceannachán | (161,744) | | |
| Dímheas | 1,385 | (160,359) | (134,449) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 13,845 | | |
| Laghdú ar stoc | 16 | 13,861 | (5,331) |
| **Caiteachas díreach** | | **9,715,895** | **9,084,003** |
| **Caiteachas a iompraíodh áit éigin eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 28,844 | 33,517 |
| Cíosanna barúlacha | | 3,667 | 4,367 |
| **Glanchostas cláir** | | **9,748,406** | **9,121,887** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 26 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 [a] | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [b] | 169 | 291 |
| Vóta 12 | Liúntais Pinsin agus Scoir [c] | 24,123 | 27,127 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí [d] | 4,162 | 4,702 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte [e] | 148 | 1,149 |
| Príomhchiste - Pinsin na nAirí | | 242 | 248 |
| | | **28,844** | **33,517** |

Nótaí

a Ní áirítear ar na glanfhigiúirí caiteachais 2019 do sheirbhísí gaolmhara figiúirí maidir le forais nó gníomhaireachtaí coimirce na Roinne.

b Áirítear ar ghlanfhigiúirí do sheirbhísí gaolmhara 2018 €105,000 maidir le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, *HEAnet*, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Chomhairle Múinteoireachta ar gníomhaireachtaí iad a mhaoinítear faoi Vóta 26.

c Áirítear ar ghlanfhigiúirí caiteachais do sheirbhísí gaolmhara 2018 €2.523 milliún maidir le híocaíochtaí a bhain le pinsin a rinneadh le baill foirne atá fostaithe ag forais choimirce na Roinne.

d Áirítear ar ghlanfhigiúirí caiteachais do sheirbhísí gaolmhara 2018 €1.408 milliún maidir le réadmhaoin atá á n-áitiú ag forais choimirce a mhaoinítear faoi Vóta 26.

e Áirítear ar ghlanfhigiúirí caiteachais do sheirbhísí gaolmhara 2018 €1.013 milliún maidir le costais *NSSO* atá inchurtha i leith íocaíochtaí pinsinéirí *VEC/IOT* a phróiseáil mar aon le híocaíochtaí le baill foirne atá fostaithe i bhforais choimirce na Roinne.

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 279,536 | 229,172 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 87,014 | 6,715 |
| Stoic | | 84 | 100 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 18,888 | 18,592 |
| Ró-íocaíochtaí i leith aisghabhála | 5.5 | 6,956 | 6,604 |
| Costais iasachta i leith aisghabhála | | 415 | 466 |
| Suimeanna dlite ón AE | | 17 | 72 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 33,454 | 2,590 |
| Ioncam fabhraithe | | 5,517 | 850 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 152,345 | 35,989 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 41,854 | 18,172 |
| Aisghabháil tuarastal chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile | | 78 | 43 |
| Airgead ón AE le dáileadh | | 196 | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 119,113 | 4,051 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 1,176 | 5,326 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 162,417 | 27,592 |
| **Glansócmhainní reatha** | | (10,072) | 8,397 |
| **Glansócmhainní** | | **269,464** | **237,569** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.7 | **269,464** | **237,569** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Troscán agus fearas | Troscán oifige | Sócmhainní faoi fhorbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil 1 Eanáir 2019 | 137,571 | 6,987 | 21,894 | 86,956 | 253,408 |
| Coigeartú [a] | 468 | — | — | 9,578 | 10,046 |
| Breiseanna | 41,371 | 110 | 1,522 | 125,268 | 168,271 |
| Sócmhainní tugtha chun úsáide | 109,085 | — | — | (109,085) | — |
| Diúscairtí | (126,567) | — | (25) | — | (126,592) |
| Costas nó luacháil 31 Nollaig 2019 | 161,928 | 7,097 | 23,391 | 112,717 | 305,133 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh 1 Eanáir 2019 | — | 6,690 | 17,546 | — | 24,236 |
| Dímheas don bhliain | — | 43 | 1,343 | — | 1,386 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (25) | — | (25) |
| Dímheas carnach 31 Nollaig 2019 | — | 6,733 | 18,864 | — | 25,597 |
| **Glansócmhainní 31 Nollaig 2019** | **161,928** | **364** | **4,527** | **112,717** | **279,536** |
| Glansócmhainní 31 Nollaig 2018 | 137,571 | 297 | 4,348 | 86,956 | 229,172 |

Nóta [a] Rinne an Roinn athbhreithniú ar shócmhainní in 2019. Aithníodh san athbhreithniú caiteachas de €9.578 milliún i mblianta roimhe seo a ba chóir a aithint mar shócmhainní caipitil faoi fhorbairt. Bhí caiteachas de €468,000 i mblianta roimhe seo maidir le dhá láthair a cheannach a ba cheart a bheith curtha san áireamh faoi thalamh agus foirgnimh freisin. Ceartaíodh é sin le coigeartú in 2019.

## Nóta ginearálta faisnéise

Níl aon tailte nó aon fhoirgnimh ar leis an Stát iad agus a rialaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna nach bhfuil luacháil tugtha dóibh, seachas trí réadmhaoin, a aistríodh chuig an Stat faoi thairiscintí deonacha 2009 a rinne cuallachtaí reiligúnacha. Is mar seo a leanas a rialaítear agus a bhainistítear tailte agus foirgnimh ar leis an Roinn iad:

### 1 Aistriú foirgneamh scoile 2019

Caitheann an Roinn le haistriú rialaithe sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt do chuspóirí cuntasaíochta sa chuntas seo. Ní aistrítear an úinéireacht. Liostaítear na foirgnimh scoile, nópáirteanna díobh, a aistríodh i gcaitheamh 2019 sa tábla thíos

| **Ainm na scoile** | **Luacháil** [a] |
|---|---|
| | **€000** |
| Coláiste Pobail Choill an Rí,Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 20,003 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias Assisi agus Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Belmayne, Baile Ghríffín, Baile Átha Cliath 13 | 16,447 |
| Scoil Náisiúnta Clochair Naomh Bríd agus Scoil Mhuire, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4 | 13,551 |
| Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile na Gaillimhe Thuaidh, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe | 8,795 |
| Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman | 8,005 |
| Pobalscoil na Bóinne, Baile Átha Troim, Co. na Mí | 40 |
| Coláiste Edmund Rice, Carraig Ui Leighin, Co. Chorcaí | 14,967 |
| Gaelscoil an Choillín agus Saplings, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí | 12,596 |
| Scoil Niamh agus Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Iarthar na Cathrach | 17,493 |
| Meánscoil Eureka, Ceanannas, Co. na Mí | 825 |
| Scoil Foghlaim le Chéile na Céime, An Chéim, Baile Átha Cliath 18 | 13,845 |
| **Iomlán** | **126,567** |

Nóta [a] Áiríodh ar an bhfigiúr iomlán do dhiúscairtí teicniúla costas an láithreáin ar a bhfuil an scoil tógtha agus na costais iarbhír a tabhaíodh chun an scoil a chur sa riocht ina bhfuil sé anois lena n-áirítear fabhrú le haghaidh oibreacha a críochnaíodh in 2019 nár íocadh astu go fóill agus le haghaidh airgead coinneála.

### 2 An Leibhéal Bunscoile

Bhí 3,240 bunscoil i mbun oibre ar 31 Nollaig 2019. Scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus iad faoi úinéireacht an údaráis deoise lena mbaineann. Seo iad na heisceachtaí:

- Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna láithreáin le haghaidh 39 iar-bhunscoil agus iad á rialú/á mbainistiú aige.
- I gcás 148 scoil, tá na scoileanna ag oibriú ar láithreáin nó i bhfoirgnimh atá faoi úinéireacht nó ar léas ag an Roinn ach tá an scoil á rialú/á bainistiú ag Bord Bainistíochta. Tá seacht scoil i gcóiríocht shealadach nó bhuan ar láithreáin nach mbaineann leis an Roinn.

**3 An Leibhéal Iar-Bhunscoile**

718 iar-bhunscoil atá sa tír. Tá 362 díobh sin faoi úinéireacht phríobháideach. Oibrítear gach ceann eile mar seo a leanas:

- Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 14 scoil chuimsitheacha, 78 pobalscoil agus 18 meánscoil, ach iad á rialú/á mbainistiú ag Boird Bhainistíochta.
- Tá 246 iar-bhunscoil dílsithe go príomha i mBoird Oideachais agus Oiliúna faoin Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá 25 de na scoileanna seo faoi úinéireacht an Aire Oideachais agus Scileanna.
- Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna láithreáin le haghaidh 18 scoil dara leibhéal agus iad á rialú/á mbainistiú aige.

**4 Eile**

Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, is é an t-aon cheist gan freagra a bhaineann le haon ionad coinneála páistí amháin ná fógra Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) chuig an Údarás Clárúcháin Maoine maidir le hathrú úinéireachta ar réadmhaoin na scoile ón Aire Oideachas go Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach). Threoraigh an Roinn OPAS an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chur ar an eolas faoin athrú úinéireachta. Ní áirítear an réadmhaoin seo mar shócmhainn i Nóta 2.1 thuas de bhrí nach bhfuil an réadmhaoin faoi rialú an Aire, ach faoi údarás na hinstitiúide féin.

Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí de chuid an *Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited*, comhlacht atá teoranta ag ráthaíocht, a bhfuil réadmhaoin dá chuid aige i gCo. Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Middletown Centre for Autism.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ar 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna *PMG* | 86,914 | 6,373 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc thráchtála | 97 | 339 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | **87,014** | **6,715** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ar 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge [a] | 8,729 | 9,031 |
| Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile | 422 | 4,211 |
| Cíos do chóiríocht shealadach scoile | 3,322 | 2,182 |
| Eile | 6,415 | 3,168 |
| | **18,888** | **18,592** |

Nóta [a] Thángthas ar chomhaontú idir an Roinn agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun dhá cheann de na trí aisíocaíocht den réamhíocaíocht a bhí le haisíoc in 2019 a chur siar.

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ar 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 16 | 515 |
| Méideanna dlite ón gCuntas Speisialta Sásaimh | 288 | — |
| Fionraí párolla (*paypath*) | 30,237 | — |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 49 | 56 |
| Clár Fuinnimh Foirgnimh | — | 101 |
| Scéim pasanna taistil | 342 | 206 |
| Fionraí párollla | 900 | — |
| Tuarastail in-aisghabhála | 88 | 172 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 1,440 | 1,440 |
| Aisghabháil costas ó oifigí comhroinnte | 64 | 93 |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | 3 | — |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus cothabhála | 4 | 7 |
| Ilghnéitheach | 23 | — |
| | **33,454** | **2,590** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ar 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 65,203 | 1,187 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasta | 35,121 | 691 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 10,835 | 253 |
| Cáin réadmhaoine áitiúil | 283 | 9 |
| Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla | 1,452 | 634 |
| Cáin do chonarthaí ábhartha | — | 289 |
| Cáin bhreisluacha | 5,078 | 1 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 56 | 56 |
| | 118,028 | 3,120 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOOP | 385 | 8 |
| Méideanna dlite don Chuntas Speisialta Sásaimh | — | 60 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 2 | 1 |
| Iontaobhais oideachais lena ndáileadh | 39 | — |
| Clár Fuinnimh Foirgnimh | 504 | — |
| Fáltais bhreise státchiste | 155 | 848 |
| Fionraí párollla | — | — |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | — | 8 |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus cothabhála | — | 5 |
| Scéim pasanna taistil | — | 1 |
| | **119,113** | **4,051** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ar 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 6,264 | 114,464 |
| Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste | (5,088) | (109,138) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **1,176** | **5,326** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 87,014 | 6,715 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 33,454 | 2,590 |
| Suimeanna dlite ón AE | 17 | 72 |
| | 120,485 | 9,377 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (118,028) | (3,120) |
| Airgead ón AE le dáileadh | (196) | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (1,085) | (931) |
| | (119,309) | (4,051) |
| | **1,176** | **5,326** |

## 2.7 Cuntas cistithe an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | | | 237,569 | 161,538 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 9,868,656 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (6,263) | | |
| Glanvóta | | | 9,862,393 | 9,223,783 |
| Caiteachas (airgead) a iompraíodh in áit éigin eile | 1 | | 28,844 | 33,517 |
| Míreanna neamhairgid – sócmhainní caipitil [a] | | | (114,603) | (63,749) |
| Caiteachas neamhairgid – cíos barúlach | 1 | | 3,667 | 4,367 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (9,748,406) | (9,121,887) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | | | **269,464** | **237,569** |

Nóta [a] Áirítear ar na míreanna neamhairgid an caitheamh cuntasaíochta don diúscairt a rinne an Roinn ar shócmhainní foirgníochta de luach €126.567 milliún, an glanmhéadú ar fhabhruithe caipitil €4.607 milliún, athlua iomlán na sócmhainní caipitil faoi fhorbairt chun caiteachas réamh-2019 a chorprú ann (€9.578 milliún), costas sócmhainní a cuireadh san áireamh mar bhreiseanna le clár sócmhainní 2019 ach nár íocadh go dtí 2020 (€5.825 milliun) réadmhaoin sásaimh a aistríodh chuig an Roinn (€700,000) faoin gcomhaontú slánaíochta sásaimh agus láithreáin a chuimsiú nár cuimsíodh cheana sa chlár sócmhainní (€468,000).

## 2.8 Ceangaltais

| ar 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais uilíocha** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 7,787 | 11,398 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil [a] | 3,968,087 | 3,878,593 |
| Cláir dheontais chaipitil [b] | 110,100 | 111,100 |
| Tionscadail chaipitil [c] | 335,588 | 332,281 |
| Comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | 1,941,499 | 2,025,360 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe de réir dlí** | **6,363,061** | **6,358,732** |

| **Cláir dheontais neamhchaipitiúla** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 3,878,593 | 3,742,515 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (3,900,481) | (3,746,943) |
| Gealltanais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2020 | 3,968,087 | 3,878,593 |
| Glandeontas (faoi)/róchaitheamh | 21,888 | 4,428 |
| Iarmhéid deiridh | **3,968,087** | **3,878,593** |

| **Cláir dheontais chaipitil** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 111,100 | 77,200 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (110,626) | (76,433) |
| Gealltanais nua deontais de réir imleabhar meastachán 2020 | 110,100 | 111,100 |
| Glandeontas (faoi)/róchaitheamh | (474) | (767) |
| Iarmhéid deiridh | **110,100** | **111,100** |

Nótaí

[a] Áirítear ar chlár dheontais neamhchaipitil deontais a íocfar le forais choimirce agus eagraíochtaí eile lena n-áirítear scoileanna agus coláistí chun caiteachas reatha, pá san áireamh, a mhaoiniú.

[b] Baineann na cláir dheontais chaipitil le deontais a íocfar le forais choimirce maidir le gach tionscadal caipitil, lena n-áirítearollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna.

[c] Is ionann tionscadail chaipitil agus tionscadail a ndéanann an Roinn féin iad a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

**Mórthionscadail chaipitil**

**Tionscadail chaipitil a bhfuil €10 milliún nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu**

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas i 2019 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann A.15) | 552,772 | 199,637 | 181,695 | 934,104 | 758,653 |
| Ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ainmnithe ardoideachais eile (fo-mhírcheann C.16) | 20,755 | 20,545 | 7,000 | 48,300 | 48,300 |
| **Iomlán** | **573,527** | **220,182** | **188,695** | **982,404** | **806,953** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tá sceideal na mórcheangaltas caipitil de €10 milliún nó níos mó ar fáil in Aguisín B mar aon le míniú ar chásanna inar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta de bhreis is €500,000 idir 2018 agus 2019.

**Íocaíochtaí aonadacha i dtaca le tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháideacha Poiblí**

Go dtí seo tá an Roinn tar éis naoi gconradh ar leith a dhéanamh chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú, faoi shamhail na comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP).  Socruithe struchtúrtha is ea CPPanna idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach iad, trí mheicníochtaí traidisiúnta soláthair agus an caiteachas gaolmhar tógála ar fad le híoc roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha míosúla thar 25 bliain, agus bíonn an chéad íocaíocht aonadach iníoctha a luaithe a bhíonn an tógáil críochnaithe. Le cois an tábla thíos, gheofar achoimre gearr ar thionscadail CPP in Aguisín C.

| Ainm an tionscadail CPP | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas i 2019 [a] | Ceangaltais atá infheidhmithe de réir dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis | Iomlán an tionscadail 2019 | Iomlán an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann | 126,948 | 6,836 | 53,856 | 187,640 | 187,848 |
| Beartán Cúig Threoirscoil | 182,898 | 10,877 | 89,273 | 283,048 | 287,318 |
| Scoil Cheoil Chorcaí | 101,933 | 8,295 | 109,761 | 219,989 | 220,270 |
| An Chéad Bheartán Scoileanna CPP | 81,884 | 9,140 | 152,467 | 243,491 | 243,852 |
| An Dara Beartán Scoileanna CPP | 100,341 | 12,135 | 223,787 | 336,263 | 337,375 |
| An Tríú Beartán Scoileanna CPP | 85,312 | 14,731 | 308,569 | 408,612 | 410,752 |
| An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP | 29,119 | 7,495 | 172,345 | 208,959 | 209,636 |
| An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP | 5,107 | 10,781 | 242,692 | 258,580 | 253,177 |
| Cearnóga Ghráinseach Ghormáin | — | — | 588,749 | 588,749 | 588,674 |
| | **713,542** | **80,290** | **1,941,499** | **2,735,331** | **2,738,902** |

Nóta [a] Baineann an caiteachas a léirítear ag deireadh 2019 íocaíochtaí caipitil go sonrach m.sh. íocaíochtaí aonadacha. Tá an caiteachas sa tábla thuas san áireamh sa toradh foriomlán ar fho-mhírchinn A.16 agus C.17 de €94.855 milliún. Áirítear ar na fo-mhírchinn seo íocaíochtaí áirithe deontais do scoileanna aicmithe CPP.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos áit ar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta de bhreis is €500,000 ó 2018 go 2019.

**Innéacsú**

Íocann an Roinn íocaíochtaí aonadacha míosúla leis an gcomhlacht CPP lena mbaineann maidir le gach tionscadal oibríochtúil CPP. Dhá mhír atá san íocaíocht aonadach, mír an chostais sheasta agus mír inathraithe (innéacsaithe) a athraíonn ar aon dul leis an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí Uile-mhír. Sonraítear dáta athbhreithnithe innéacsaithe i ngach conradh. Tar éis an toisc innéacsaithe a chinneadh, ríomhtar an íocaíocht aonadach bhliantúil trí na luachanna seasta agus na luachanna inathraithe coigeartaithe a shuimiú.

**Athmhaoiniú**

Is féidir cistiú tionscadail CPP a athmhaoiniú, le toiliú an chomhpháirtí Stáit, le linn nó tar éis chéim na tógála. Roinntear an ghnóthachtáil ón athmhaoiniú idir an comhlacht CPP agus an comhpháirtí Stáit faoi théarmaí atá leagtha amach i gComhaontas Tionscadail an CPP. Rinneadh athmhaoiniú ar an gCeathrú Beartán Scoileanna i Nollaig 2018 agus ar an Tríú Beartán Scoileanna in Eanáir 2019.

**Beartán Cúig Threoirscoil**

Baineann an laghdú ar chostais ó 2018 go 2019 de €4.270 milliún leis an athbhreithniú bliantúil ar innéacsú agus le ceartú ar chéatadán an mhuirir aonadaigh ar a gcuirtear innéacsú i bhfeidhm ar na réamh-mheastacháin.

**An Dara Beartán Scoileanna**

Innéacsú an phríomhchúis le €1.112 milliún de laghdú ar chostais ó 2018 go 2019.

**An Tríú Beartán Scoileanna**

An t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú chomh maith le hathmhaoiniú an Tríú Bheartáin Scoileanna in Eanáir 2019 an phríomhchúis leis an laghdú ar chostais de €2.140 milliún idir 2018 agus 2019.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna**

Innéacsú an phríomhchúis le €677,000 milliún de laghdú ar chostais ó 2018 go 2019.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna**

Tá ceithre iar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin sa 5ú Beartán CPP. Tá siad suite i gCeatharlach (1 scoil agus 1 Coláiste Breisoideachais); i gCeanannas, Co. na Mí; i mBré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil) agus i Loch Garman.

In Iúil 2016, síníodh conradh le *Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd*. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cheap *Inspired Spaces Carillion Construction Ltd* mar an príomhchonraitheoir foirgníochta, agus rinne an chuideachta sin an obair a thabhairt ar fho-chonradh do *Sammon Contracting Ireland Ltd.* Ceapadh *Carillion AMBS Ltd* mar chonraitheoir bainistíochta na saoráidí.

Measadh go mbeadh na scoileanna tógtha agus réidh lena n-aistriú idir Ráithe 4, 2017 agus Ráithe 1, 2018. Ar an drochuair, leachtaíodh *Carillion Construction Ltd* and *Carillion AMBS Ltd* a d'fhág gur foirceannadh na hoibreacha agus na conarthaí bainistíochta saoráidí, agus cuireadh moill ar thús feidhme seirbhísí. I Meitheamh 2018, rinneadh socruithe chun conraitheoir foirgníochta ionaid a cheapadh.

Faoin gconradh CPP don Chúigiú Beartán Scoileanna, thosaigh an tréimhse 25 bliana ina mbeidh Íocaíochtaí íocaíochtaí míosúla aonadacha dlite lena n-íoc i ngach scoil ar an dáta a bhí sceidealta faoin gconradh do thús feidhme seirbhíse. Mar sin féin, de bharr moill i seachadadh na scoileanna, níor cuireadh tús iarbhír le híoc na n-íocaíochtaí aonadacha go dtí dáta níos déanaí ná mar a bhí measta, nuair a bhain na scoileanna tús feidhme seirbhíse amach. Mar chuid den athstruchtúrú conartha a aontaíodh i nDeireadh Fómhair 2018, cuireadh síneadh ceithre mhí leis an tréimhse chonartha, is é sin ó 318 mí go 322 mhí, agus cuirfear na ceithre mhí bhreise le deireadh na tréimhse bunaidh conartha in 2043. D'fhág an mhoill ar sheachadadh na scoileanna go raibh costas na n-íocaíochtaí aonadacha in 2018 i bhfad níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis. Bhí CBL ar obair foirgníochta faoi bhun an mheastacháin bhunaidh, leis. Bhí an mhoill iarbhír ar sheachadadh na scoileanna sa raon idir 9 mí agus 18 mí.

Baineann an méadú ar chostais de €5.403 milliún idir 2018 agus 2019 le tosca éagsúla, lena n-áirítear athstruchtúrú conartha tar éis chliseadh *Carillion* as ar lean an gá le tastáil mhargaidh a thabhairt ar aghaidh de bhrí go raibh sé riachtanach cuideachta nua seirbhísí a sholáthar. Baineadh amach laghdú ar chostais trí neamhíoc na n-íocaíochtaí aonadacha i ngeall ar mhoill ar sheachadadh na scoileanna a bhí fágtha, agus laghdaigh an t-athbhreithniú bliantúil ar innéacsú gealltanais réamh-mheasta freisin.

**Cearnóga Ghráinseach Ghormáin**

Cuirfidh Tionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin, atá comhdhéanta de na Cearnóga Láir agus Thoir, bonneagar suntasach acadúil ar fáil d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Gormáin. Is i Márta 2018 a síníodh conradh chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, agus a chothabháil. Tá an tógáil sceidealta le críochnú in 2020.

**Leachtú agus Scrúdaitheoireacht 2019**

Bhí tionchar ag leachtú agus/nó scrúdaitheoireacht i gcás *Carillion* agus trí chonraitheoir eile le linn 2019 ar sheachadadh tionscadal a bhí á maoirsiú ag an Roinn. Maidir le CPPanna, baineadh amach tús feidhme seirbhíse amach i gcás gach tionscadail sa Chúigiú Beartán Scoileanna CPP faoi Mheán Fómhair 2019; lean sé seo leachtú *Carillion* in Eanáir 2018. Bhí an beartán seo comhdhéanta de chúig thionscadal tógála scoile agus tionscadal amháin chun foirgneamh breisoideachais a thógáil. Maidir le tionscadail neamh-CPP, rinne leachtú/scrúdaitheoireacht difear d'ocht scoil eile. Seo staid reatha na scoileanna sin: tá cúig thionscadal ar an láithreán agus tá trí thionscadal tar éis críochnú substaintiúil a bhaint amach. Meastar go gcríochnófar seacht gcinn de na tionscadail seo i mbliana.

**Caiteachas ar chóiríocht shealadach scoileanna**

I rith 2019, bhí caiteachas caipitil agus reatha de €29.5 milliún san iomlán ann faoi fho-mhírcheann A15.3 (D3.3 roimhe seo) maidir le foirgnimh shealadacha a thógáil ar cíos (2018: €26.2 milliún).

## 2.9 Dliteanais tagtha chun aibíochta

| ar 31 Nollaig | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán de dhliteanais tagtha chun aibíochta nár scaoileadh ag deireadh bliana | 3,806 | 603 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

**Binse fiosruithe ar mhí-úsáid leanaí agus scéimeanna sásaimh**

Beidh íocaíochtaí eile le déanamh mar chuid den Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe. Meastar go bhféadfadh €1 milliún de chostais eile a bheith le híoc agus áirítear soláthar le haghaidh aon dámhachtainí a d'fhéadfadh teacht chun cinn tar éis scor an Bhoird Sásamh d'Institiúidí Cónaithe. (Féach nóta 6.1 do na costais go dáta)

***Ionad don Uathachais Middletown***

D'fhéadfadh dliteanas pinsin de thuairim agus €335,000 teacht chun cinn maidir leis an gcomhaontú idir Scéim Pinsin Rialtais Áitiúil na Roinne Oideachais do Thuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Sa chomhaontú, dar dáta an 16 Samhain 2007, ráthaigh na Ranna go ndéanfaidís íocaíocht iomlán ar aon dliteanas pinsin de chuid *Ionad don Uathachais Middletown Ltd* i gcás go scoirfidh an tIonad de bheith ann nó mura mbíonn sé ábalta a chuid dliteanas pinsin a chomhlíonadh. Tá an tIonad i mbun oibre i gcónaí agus níltear ag dréim leis go dtiocfaidh an dliteanas seo chun cinn go gairid.

**An clár feabhsúcháin scoileanna**

Tá beartaithe ag an Roinn imeachtaí dlí a thionscnamh maidir le heasnaimh struchtúrtha ar thángthas orthu sna scoileanna a bhí tógtha ag *Western Building Systems*. Tá cistiú curtha ar fáil ag an Roinn chun bearta feabhsúcháin a dhéanamh sna scoileanna seo.

Ar an 2018, nocht measúnú go raibh obair feabhsúcháin de dhíth ar 40 scoil i ngeall ar easnamh struchtúrtha a bhí tugtha faoi deara. Tá an obair feabhsúcháin curtha i gcrích in 16 scoil ionas gur féidir deireadh a chur leis na bearta réamhchúraim. Tá an obair feabhsúcháin fós ar siúl ag an Roinn de réir a chéile ar na scoileanna atá fágtha.

Íocadh costais na hoibre feabhsúcháin as soláthar teagmhasach sa bhuiséad caipitil agus trí úsáid a bhaint as cistí sa bhuiséad caipitil ilbhliantúil a bhí curtha i leataobh roimhe sin d'fhorbairt chaipitil ag Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Laghdaíodh an cistiú a bhí riachtanach don tionscadal seo trí Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Chaoimhín, a dhíol ar €140 milliún.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar an gcaiteachas ar riarachán

Tá an caiteachas ar chúrsaí riaracháin cionroinnte trasna na gclár chun costais iomlána na gclár a léiriú.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 66,973 | 65,570 | 62,971 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,850 | 2,056 | 1,698 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,742 | 1,837 | 1,785 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,200 | 2,724 | 2,816 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 7,829 | 7,100 | 6,968 |
| vi | Speansais ar fhoirgnimh oifige | 1,601 | 1,492 | 1,820 |
| vii | Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | 131 | — | 121 |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 20,756 | 20,590 | 19,497 |
| | | **103,082** | **101,369** | **97,676** |

### Difríochtaí suntasacha

Tugann an nóta a leanas anailís ar an gcaiteachas ar riarachán an Vóta agus tugann sé achoimre ar chúiseanna na ndifríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**vii Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin: €131,000, toradh: €0*

Tá an leithdháileadh seo ceaptha le costais sainchomhairleoireachta a chlúdach d'aonaid ghnó nach bhfuil a mbuiséad féin acu don chineál caiteachais seo. Ní raibh aon ghá in 2019, tarraingt ar an bhfo-mhírcheann seo.

## Clár A – Oideachas Chéad Leibhéal, Dara Leibhéal agus Luathbhlianta

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 76,799 | 72,778 | 70,341 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 15,306 | 15,761 | 15,774 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) bunmhúinteoirí | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,497,802 | | | |
| | *Forlíontach* | 17,500 | | | |
| | | | 2,515,302 | 2,511,757 | 2,433,442 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) múinteoirí meánscoile, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,320,762 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | 1,330,762 | 1,331,603 | 1,286,534 |
| A.5 | Deontais le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) i ndáil le tuarastail múinteoirí BOO | | | | |
| | *Bunaidh* | 709,604 | | | |
| | *Forlíontach* | 19,765 | | | |
| | | | 729,369 | 727,743 | 692,008 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 559,229 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | | 564,229 | 564,665 | 520,290 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | | 111,338 | 108,810 | 105,573 |
| A.8 | Aoisliúntas etc. i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | | 1,201,435 | 1,233,319 | 1,189,109 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | | | | |
| | *Bunaidh* | 198,669 | | | |
| | *Forlíontach* | 19,972 | | | |
| | | | 218,641 | 219,200 | 200,275 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitlíocht) iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le BOO agus le heagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile | | 460,551 | 463,139 | 444,567 |
| A.11 | Deontais d'fhorais oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | | | | |
| | *Bunaidh* | 96,524 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,862 | | | |
| | | | 106,386 | 97,988 | 87,175 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | | 33,238 | 29,052 | 30,898 |
| A.13 | Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | | 1,721 | 2,476 | 1,688 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 98,225 | 95,213 | 67,297 |
| A.15 | Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 641,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | 649,000 | 694,683 | 573,299 |
| A.16 | Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | | 84,055 | 76,476 | 66,199 |
| | | | **8,196,357** | **8,244,663** | **7,784,469** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an gcaiteachas ar riarachán an Vóta agus tugann sé achoimre ar chúiseanna na ndifríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, ba mhó de €138.405 milliún an caiteachas i ndáil le Clár A ná an soláthar meastacháin bunaidh. Ba iad na príomh-éagsúlachtaí:

**A.3 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) bunmhúinteoirí**

*Soláthar meastacháin: €2,497.802 milliún, toradh: €2,511.757 milliún*

Bhain an méadú €13.955 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha le:

- méaduithe ar leibhéal na saoire ionaid, lena n-áirítear saoire mháithreachais, saoire bhreoiteachta agus saoire d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a thóg múinteoirí in 2019 (€7.6 milliún)
- costais bhreise chun tionscnamh soláthar múinteoirí a mhaoiniú ó thaobh an ráta pearsanta a chur i bhfeidhm i gcás múinteoirí a d'oibrigh mar mhúinteoirí ionaid le linn sos gairme a chúldátú go scoilbhliain 2018/2019 (€3.2 milliún)
- raon tosca eile lena n-áirítear éilimh dhéimeagrafacha ar phoist mar mhúinteoirí phríomhshrutha a bheith níos airde ná an soláthar agus costais iarbhír ag dul do mhúinteoirí faoi chomhaontuithe earnála poiblí d'athchóiriú pá a bheith níos airde ná an soláthar mar aon le coigilteas ar chostais na scéimeanna teagasc baile agus Soláthar Mhí Iúil.

Ceadaíodh €17.5 milliún d'fhorlíonadh don fho-mhírcheann seo agus tháinig roinnt fo-chaithimh chun solais ag deireadh na bliana, lena n-áirítear coigilteas ar chostais teagasc baile.

**A.4 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) múinteoirí meánscoile, múinteoirí scoileanna cuimsitheacha agus múinteoirí pobalscoileanna**

*Soláthar meastacháin: €1,320.762 milliún, toradh: €1,331.603 milliún*

Bhain an méadú €10.841 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha le

- costais tuarastail níos airde ná an soláthar meastacháin bunaidh a leithdháileadh i ngeall go príomha ar mhéaduithe ar leibhéal na gcostas ionaid ag éirí as méaduithe ar neamhláithreacht íoctha, lena n-áirítear saoire mháithreachais, saoire bhreoiteachta agus saoire d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus neamhláithreacht neamhíoctha lena n-áirítear saoire thuismitheoireachta agus mháithreachais agus éilimh dhéimeagrafacha ar phoist do mhúinteoirí príomhshrutha a bheith níos airde ná an soláthar (€8.8 milliún)
- raon tosca eile, lena n-áirítear costais a bhí dlite do mhúinteoirí faoi chomhaontuithe earnála poiblí d'athchóiriú pá a bheith níos airde ná an soláthar.

Ceadaíodh €10 milliún forlíontach don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe seo ar chaiteachas.

**A.5 Deontais chuig Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) i ndáil le tuarastail múinteoirí BOO**

*Soláthar meastacháin: €709.604 milliún, toradh: €727.743 milliún*

Bhain an méadú €18.139 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha leis

- an scéim pinsin aonair 2013 á bheith á cur ar fáil i gcónaí trína n-éilítear ranníocaíochtaí pinsin a íoc díreach isteach sa Vóta aoisliúntais seachas iad a bheith á gcoimeád ag BOOanna, as ar lean laghdú ar ioncam do BOOnna a rinneadh a fhritháireamh roimhe seo lena gcostais phárolla. In 2019 ba é an toradh air seo méadú ar riachtanais chistithe na BOOnna chun an laghdú ar ioncam (€8.7 milliún) a chúiteamh
- éilimh dhéimeagrafacha ar phoist múinteoirí príomhshrutha a bheith níos airde ná an soláthar (€7.7 milliún)
- ath-ailíniú sé phárolla BOO in 2019 chun aistriú chuig córas párolla chomhsheirbhísí BOO a éascú, rud atá á fhorbairt faoi láthair. Chiallaigh se sin rith bhreise párolla do cheithre cinn de na BOOnna sin (€4 mhilliún).

Ceadaíodh €19.765 milliún forlíontach don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe seo ar chaiteachas.

**A.6 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna**

*Soláthar meastacháin: €559.229 milliún, toradh: €564.665 milliún*

Bhain an méadú €5.436 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha le

- costais tuarastail a bhí níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis do chúntóirí riachtanas speisialta lena n-áirítear costais bhreise ionaid (€4.7 milliún)
- raon tosca eile, lena n-áirítear costais a bhí dlite do chúntóirí riachtanas speisialta faoi chomhaontuithe earnála poiblí d'athchóiriú pá a bheith níos airde ná an soláthar.

Ceadaíodh €5 mhilliún forlíontach don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe seo ar chaiteachas.

**A.9 Seirbhísí iompair scoile**

*Soláthar meastacháin: €198.669 milliún, toradh: €219.200 milliún*

Bhain an méadú €20.531 milliún ar chaiteachas as i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha le

- méadú ar líon na bpáistí le riachtanais speisialta oideachais a d'iarr iompar scoile ó 13,000 in 2018 go os cionn 14,400 in 2019. (€15 milliún)
- méadú ar chostais na seirbhísí iompair go scoileanna príomhshrutha lena n-áirítear méaduithe de dhroim soláthar bliantúil bealaí, méadú déimeagrafach as ar lean bealaí nua agus síneadh ar bhealaí a bhí cheana ann (€7 milliún)
- rinneadh an méadú seo a fhritháireamh méid áirithe le méadú ar ranníocaíochtaí daltaí de thuairim is €1.8 milliún agus coigilteas eile de €1 mhilliún nó mar sin.

Ceadaíodh €19.972 milliún forlíontach don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh do na méaduithe seo ar chaiteachas mar aon le coigilteas ar chaiteachas eile.

**A.11 Deontais d'fhorais oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais**

*Soláthar meastacháin: €96.524 milliún, toradh: €97.988 milliún*

Ceadaíodh €9.862 milliún forlíontach don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh do mhéaduithe ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit de bharr

- athchóiriú ar na córais achomhairc ardteistiméireachta, ag éirí as rialú i gcás Ard-Chúirte (€3 mhilliún)
- géarú ar luas feidhmithe an chórais nua marcála ar líne chun cuidiú le hathchóiriú ar an gcóras achomhairc (€3.5 milliún)
- síneadh dhá lá le tráthchlár na hardteistiméireachta chun an brú ama ar dhaltaí atá ag déanamh na scrúduithe a mhaolú (€300,000)
- tosca déimeagrafacha as a leanann méadú ar líon na ndaltaí a bheidh ag déanamh scrúduithe stáit le costais ghaolmhara (€700,000)
- méaduithe pá maidir le *PSSA* don fhoireann conartha scrúdaithe (€1 mhilliún)
- costais éagsúla eile lena n-áirítear costais d'fhoirne Choimisiún na Scrúduithe Stáit (€1.4 milliún).

Rinneadh na méaduithe seo ar chaiteachas Choimisiún na Scrúduithe Stáit a fhritháireamh go príomha le coigilteas ar dheontais chuig raon foras oideachais eile a mhaoinítear faoin bhfo-mhírcheann seo, lena n-áirítear An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus An Foras Taighde ar Oideachas. Lean €1.464 milliún de ghlanmhéadú san iomlán ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.

**A.12 Oideachas múinteoirí**

*Soláthar meastacháin: €33.238 milliún, toradh: €29.052 milliún*

Bhain an laghdú €4.186 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha le:

- moill ar earcú chuig foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí agus glacadh a bhí níos ísle ná a rabhthas ag súil leis ar roinnt

cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí (€1.4 milliún)

- tugadh tacaíocht isteach de réir a chéile do roinnt ábhar ag an tSraith Shinsearach in ionad ar bhonn náisiúnta (€750,000)
- coigilteas ag éirí as aisíocaíocht an deontais TFC ón bhfo-mhírcheann Teicneolaíochta agus Oideachais, laghdú i ngeall ar aisíoc táillí iniúchóireachta 2019 ó Ionaid Oideachais agus rialuithe níos déine ar leithdháiltí deontais chuig na hionaid (€700,000)
- coigilteas de bharr glacadh níos ísle ná a rabhthas ag súil leis ar roinnt clár den Ionad do Cheannaireacht Scoile agus meastóireacht ar an gclar sin a bheith roinnte idir dhá bhliain (€630,000)
- Líonraí Gairmiúla Múinteora: ní dheachaigh gach gníomhaíocht líonra ceadaithe ar aghaidh mar a rabhthas ag súil leis in 2019 as ar spáráladh (€200,000).

**A.13 Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí**

*Soláthar meastacháin: €1.721 milliún, toradh: €2.476 milliún*

Bhain an méadú €755,000 ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha le toradh bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i Nollaig 2018 agus le gach iarratas fanta agus saincheist choimhdeach ag éirí as an mbreithiúnas seo a bheith tugtha chun críche.

**A.15 Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna**

*Soláthar meastacháin: €641 milliún, toradh: €694.683 milliún*

Bhain an méadú €53.683 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha le costais chun soláthar a dhéanamh d’acmhainn bhreise chun riachtanais dhéimeagrafacha a chomhlíonadh, an Clár Feabhsúcháin Scoile agus costais ar chóiríocht shealadach bhreise scoile.

Tá an Clár Feabhsúcháin Scoile á mhaoiniú as soláthar teagmhasach sa bhuiséad caipitil, coigilteas ó leithdháiltí caipitil eile laistigh den Vóta agus ó riachtanas laghdaithe maoinithe na Roinne féin don fhorbairt chaipitil ilbhliantúil san Ollscoil Teicneolaíochta Baile Átha Cliath, Gráinseach Ghormáin tar éis dhíolachán Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Sráid Chaoimhín.

Ceadaíodh €8 milliún forlíontach don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh do na costais bhreise cóiríochta scoile seo.

**A.16 Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha**

*Soláthar meastacháin: €84.055 milliún, toradh: €76.476 milliún*

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an laghdú €7.579 milliún ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin:

- moill ar sheachadadh seirbhíse na dtrí scoil eile sa Chúigiú Beartán Scoileanna as ar lean na muirir aonadacha don bheartán seo a bheith níos lú ná mar a measadh roimh ré (€1.9 milliún)
- bhí leibhéil bhoilscithe in 2019 níos ísle ná mar a bhí súil leis as ar lean costais innéacsaithe níos ísle ar íocaíochtaí aonadacha ar Bheartán na dTreoirscoil, agus ar an gCéad, an Dara, an Tríú agus an Ceathrú Beartán Scoileanna (€900,000).
- íocaíocht urchair CBL níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i gcás na trí scoil a bhí fágtha den Chúigiú Beartán Scoileanna (€600,000)
- costais níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i gcás an chláir sheachadta don leathnú ar Ardscoil na Mara, Trá Mhór (€600,000)
- laghdú ar íocaíochtaí aonadacha i gcás teipeanna ar sheirbhís aontaithe agus ar infhaighteacht i ngach beartán scoile (€400,000)
- costais níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i gcás athmhaoiniú an Tríú Bheartáin Scoileanna (€300,000)
- costais níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i gcás mionoibreacha agus costais oibriúcháin sna beartáin scoileanna ar fad (€900,000)
- íostarraingt níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis ar dheontais TFC agus Céatadán don Ealaín (€240,000)
- moill ar chríochnú an Athbhreithnithe Mheántéarma ar na Treoirscoileanna as ar lean táillí níos ísle ná mar a síleadh a bheadh le híoc in 2019 (€100,000)
- bhain an chuid eile den choigilteas le suim theagmhais leibhéal an chláir de €1.630 do chostais gan choinne. Níor tarraingíodh anuas é seo.

## Clár B Forbairt Scileanna

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | 4,548 | 5,293 | 4,380 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,042 | 1,229 | 1,059 |
| B.3 | Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus speansais ghinearálta | | 24,318 | 22,373 | 21,340 |
| B.4 | Tacaíochtaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú | | 525 | 300 | 540 |
| B.5 | Deontais do SOLAS i ndáil le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna | | | | |
| | *Bunaidh* | 372,950 | | | |
| | *Forlíontach* | 400 | | | |
| | | | 373,350 | 367,566 | 296,464 |
| B.6 | Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (*QQI*) | | 4,579 | 4,516 | 5,381 |
| B.7 | Aoisliúntas etc. iníoctha le hiarbhaill FÁS, SOLAS agus na Comhairle Oiliúna (*ANCO*) | | 33,000 | 31,271 | 32,170 |
| B.8 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | — | — | 25 |
| | | | **441,362** | **432,548** | **361,359** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an nóta a leanas anailís ar chaiteachas cláir an Vóta agus tugann sé achoimre ar chúiseanna na ndifríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, ba lú de €8.414 milliún an caiteachas i ndáil le Clár B ná mar a soláthraíodh ar dtús. Ba iad na príomhdhifríochtaí:

**B.3 Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus speansais ghinearálta**

*Soláthar meastacháin: €24.318 milliún, toradh: €22.373 milliún*

Bhain an €1.945 milliún de laghdú ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin le cistiú a choinnigh an foras ag deireadh 2018 agus a rinneadh a fhritháireamh in íocaíochtaí deontais 2019 i gcomhlíonadh Chiorclán 13/2014.

**B.4 Fóirdheontais Chiste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Fóirdheontais an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD)**

*Soláthar meastacháin : €525,000, toradh: €300,000*

Tharla an laghdú €225,000 ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha de bhrí nach raibh aon chlár CECD i bhfeidhm in Éirinn in 2019 agus nár thosaigh caiteachas áirithe beartaithe CSE go dtí go déanach in 2019 agus iompraíodh iarmhéid na gcostas isteach in 2020.

**B.5 Deontais do SOLAS i ndáil le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna**

*Soláthar meastacháin: €372.950 milliún, toradh: €367.566 milliún*

Bhain an laghdú €5.384 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha le coigilteas ag éirí as costais na Scéime Deiseanna Gairmoiliúna (*VTOS*) a íoc as an gCoiste Náisiúnta Oiliúna, costais a bhí próifílithe le n-íoc as a bhfo-mhírcheann seo ar dtús.

Cuireadh €400,000 d'fhorlíonadh ar fáil tar éis fógra mar chuid de Bhuiséad 2020 chun íocaíocht 2019 Bónais Nollag a bhronnadh ar fhaighteoirí Leasa Shóisialaithe rud a rinne difear do rannpháirtithe ar chláir bhreisoideachais agus oiliúna a bhí á maoiniú ag SOLAS a bhí ag fáil liúntas oiliúna in ionad sochar. Íocadh é seo go luath i mí na Nollag agus chosain sé tuairim is €900,000 ar íocadh €400,000 de faoin fho-mhírcheann seo agus an €500,000 eile le híoc as an gCiste Náisiúnta Oiliúna.

**B.7 Aoisliúntas etc. iníoctha le hiarbhaill de FÁS, SOLAS agus na Comhairle Oiliúna (*ANCO*)**

*Soláthar meastacháin: €33 milliún, toradh: €31.271 milliún*

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an laghdú €1.729 milliún ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin: coigilteas ag éirí as laghduithe bliain ar bhliain ar íocaíochtaí pinsin agus cnapshuime.

## Clár C Ardoideachas

| | | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 4,382 | 5,122 | | 4,922 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,005 | 1,186 | | 1,200 |
| C.3 | Deontas do speansais ghinearálta an Údaráis um Ardoideachas | | 7,021 | 7,782 | | 6,488 |
| C.4 | Deontais ghinearálta reatha d' ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe ardoideachais eile | | | | | |
| | *Bunaidh* | 991,926 | | | | |
| | *Forlíontach* | 9,000 | | | | |
| | | | 1,000,926 | 1,004,955 | | 1,007,368 |
| C.5 | Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – seachas iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas | | 5,857 | 5,748 | | 5,773 |
| C.6 | Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 11,580 | 12,226 | | 11,608 |
| C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 6,828 | 6,882 | | 6,731 |
| C.8 | Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (deontas) | | 3,216 | 3,216 | | 3,163 |
| C.9 | Deontas d'institiúidí tríú leibhéal áirithe | | 7,844 | 7,723 | | 7,603 |
| C.10 | Aoisliúntas etc. atá iníoctha le hiar-bhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | | 115,927 | 116,606 | | 114,990 |
| C.11 | Tacaíocht do mhic léinn agus costais bhainteacha | | 404,450 | 383,294 | | 394,191 |
| C.12 | Gníomhaíochtaí taighde | | 47,600 | 47,600 | | 40,600 |
| C.13 | Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas | | 7,489 | 6,992 | | 6,138 |
| C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | | 3,157 | 3,117 | | 2,985 |
| C.15 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 100 | 375 | | 94 |
| C.16 | Bonneagar tríú leibhéal | | 90,000 | 65,000 | | 33,850 |
| C.17 | Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | | 25,945 | 18,379 | | 17,111 |
| | | | **1,743,327** | **1,696,203** | | **1,664,815** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an nóta a leanas anailís ar an gcaiteachas ar riarachán an Vóta agus tugann sé achoimre ar chúiseanna na ndifríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). San iomlán, ba lú de €38.124 milliún an caiteachas i ndáil le Clár C ná mar a soláthraíodh ar dtús. Ba iad na príomhdhifríochtaí:

**C.3 Deontas do speansais ghinearálta an Údaráis um Ardoideachas**

*Soláthar meastacháin: €7.021 milliún, toradh: €7.782 milliún*

Bhain an méadú €761,000 ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha le costais riaracháin agus clárchostais *HEA* a íocadh in 2019 as an bhfo-mhírcheann seo, agus a bhí próifílithe le n-íoc as an bhfo-mhírcheann C.4 ar dtús.

**C.4 Deontais ghinearálta reatha d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe ardoideachais eile**

*Soláthar meastacháin : €991.926 milliún, toradh: €1,004.955 milliún*

Bhain an méadú €13.029 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha le:

- costais bhreise i dtaca le socrú margaidh pá Ard-Chúirte, riaráiste san áireamh, san earnáil sláinte maidir le sainchomhairleoirí míochaine acadúla nár foráladh dóibh roimh ré in 2019 (€9 milliún).
- deontais bhreise a íocadh in 2019 chun díriú ar thionchar leanúnach an laghdaithe agus amú na dtráthchodanna táille saor in aisce (€5 milliún).

Ceadaíodh forlíonadh de €9 milliún de chaiteachas maidir leis an bhfo-mhírcheann seo chun foráil a dhéanamh le haghaidh socrú margaidh pá Ard-Chúirte chomh maith le méaduithe eile ar chaiteachas, a fritháiríodh le costais riaracháin agus clárchostais *HEA* a íocadh in 2019 ó C.3 agus a bhí próifílithe le híoc as an bhfo-mhírcheann seo ar dtús (€761,000).

**C.6 Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (deontas)**

*Soláthar meastacháin: €11.580 milliún, toradh: €12.226 milliún*

Bhain an méadú €646,000 ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin le méadú ar chostais phá agus phinsin in 2019 nár leithdháileadh ar dtús, lena n-áirítear:

- costais chnapshuimeanna breise aoisliúntais (€525,000) agus
- costais dámhachtainí pá d'iontrálaithe nua i measc sainchomhairleoirí acadúla (€120,000).

**C.11 Tacaíocht do mhic léinn agus speansais bhainteacha**

*Soláthar meastacháin: €404.450 milliún, toradh: €383.294 milliún*

Bhain an laghdú €21.156 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha le coigilteas ag éirí as

- laghdú de 2,923 ar líon na sealbhóirí deontais sa bhliain acadúil 2018/2019 i gcomparáid leis an mbliain acadúil roimhe sin, ó 77,480 go 74,557
- laghdú de 2,900 ar an líon daoine a chuir isteach ar an deontas don bhliain acadúil 2019/2020, 95,800 iarratas amhail ar 31 Nollaig 2019 i gcomparáid le 98,700 amhail ar 31 Nollaig 2018
- laghdú de 2,886 ar líon iomlán na ndámhachtainí do dhaltaí ag éirí as measúnuithe agus achomhairc amhail ag 31 Nollaig 2019 ag 76,108 i gcomparáid le 78,994 dámhachtain amhail ag 31 Nollaig 2018.

Tá líon na sealbhóirí deontais ag dul i laghad de réir mar a mhéadaigh rátaí fostaíochta agus leibhéal ioncaim le blianta beaga anuas ach bhí an tairseach cáiliúcháin ioncaim do thacaíocht deontais gan athrú.

**C.13 Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas**

*Soláthar meastacháin : €7.489 milliún, toradh: €6.992 milliún*

Bhain an laghdú €497,000 ar chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar meastacháin go príomha le

- líon iarratas a bhí ísle ná an meastachán ar an ngairm iomaíoch le haghaidh Treoirscéim AE do Thionscnamh na nOllscoileanna Eorpach (€323,000)
- caiteachas ar thionscadail a bhain leis an *OECD* a bhí níos ísle ná an meastachán (€240,000).

Rinneadh na laghduithe ar chaiteachas a fhritháireamh le costais bhreise a bhain leis an moill in 2018 ar chomhpháirtíochtaí a bhunú idir scoileanna faoi Chlár *PEACE* IV as ar lean íocaíocht gan choinne in 2019 (€137,000).

**C.15 Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin : €100,000, toradh: €375,000*

Bhain an méadú €275,000 ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha le cistiú breise deontais a cuireadh ar fáil dóibh seo a leanas:

- An Chomhairle Náisiúnta do na Daill in Éirinn chun tacú le mic léinn tríú leibhéal atá ar lagradharc agus le míchumais phriontála (€150,000).
- Comhairle Náisiúnta na mBan chun tacú le creat toilithe agus le Deireadh a Chur le Ciapadh agus Foréigean san Oideachas Tríú Leibhéal (€82,000).
- Trédhearcacht Idirnáisiúnta Éireann le haghaidh treoirscéime chun Ionracas ag an Obair a thabhairt isteach (€45,000).

**C.16 Bonneagar tríú leibhéal**

*Soláthar meastacháin : €90 milliún, toradh: €65 milliún*

Bhain an laghdú €25 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha le hathphróifíliú cistí a leithdháileadh ar sholáthar caipitil Ardoideachais le haghaidh 2019 chun díriú ar sciar de na costais a ghabhann le clár feabhsúcháin struchtúrtha na scoileanna. Chuir sé sin ar chumas na Roinne costais an chláir fheabhsúcháin a chlúdach ó laistigh dá leithdháileadh caipitil iomlán le haghaidh 2019.

Bhíothas in ann an t-athphróifíliú €25 milliún ar an soláthar caipitil Ardoideachais a dhéanamh le cabhair ó ranníocaíocht €15 milliún dlite do thionscadal Ghráinseach Ghormáin ón Roinn Oideachais agus Scileanna nach raibh riachtanach a thuilleadh in 2019. Ní raibh sé riachtanach a thuilleadh i ngeall ar na fáltais ó dhíol na hOllscoile Teicneolaíochta Baile Átha Cliath (iar-Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath Sráid Caoimhín) a bheith níos airde ná a bhí súil leis.

**C.17 Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha**

*Soláthar meastacháin : €25.945 milliún, toradh: €18.379 milliún*

Bhain an laghdú €7.566 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go príomha le

- moill ar chaiteachas próifílithe ar chlár CPP Ardoideachais as ar lean íocaíochtaí a bheith níos ísle ná mar a measadh (€4.2 milliún)
- leibhéil bhoilscithe in 2019 a bheith níos ísle ná mar a measadh as ar lean costais innéacsaithe a bheith níos ísle ná a measadh a chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí aonadacha in dhá cheann de thionscadail ardoideachais (€800,000) agus
- costais oibríochtúla agus teagmhasacha i réimsí éagsúla a bheith níos ísle ná mar a measadh.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | | Fíoraithe | Fíoraithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 180,027 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,648) | | | |
| | | | | 172,379 | 170,623 | 174,115 |
| D.2 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE[a] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 35,025 | | | |
| | | *Forlíontach* | 39,147 | | | |
| | | | | 74,172 | 74,185 | 109,816 |
| D.3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair earnála poiblí [b] | | | 258,617 | 254,294 | 292,871 |
| D.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | | | 3,824 | 5,598 | 5,057 |
| D.5 | Ilghnéitheach [a] | | | 3,398 | 6,321 | 5,001 |
| | **Iomlán** | | | **512,390** | **511,021** | **586,860** |

Nótaí [a] Cuirtear miondealú ar fháltais AE de €74.185 milliún faoi D2 agus €370,000 faoi D5 ar fáil sa tábla faoi Nóta 6.5 Cistiú AE.

[b] Baineann figiúr 2018 le hAsbhaintí a bhain le Pinsin. Ghabh Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais a n-áit ón 1 Eanáir 2019.

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba airde de €30.130 milliún na leithreasaí i gcabhair ná mar a bhí sa mheastachán réamh-mheasta. Leagtar amach thíos na míniúcháin ar dhifríochtaí:

**D.1 Ranníocaíochtaí aoisliúntais**

*Meastachán: €180.027 milliún, fíoraithe: €170.623 milliún*

Bhain an laghdú €9.404 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar go príomha leo seo a leanas:

- Thit líon na bhfáltas a íoctar isteach san fho-mhírcheann seo de bharr na Scéime Aonair Pinsin, a tugadh isteach in 2013, a chuirtear ar ais go díreach anois chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tríd an Roinn Airgeadais. Toisc go dtagann múinteoirí faoi chuimsiú scéim 2013, ag gabháil áit na ranníocaíochtaí ó scéimeanna is sine ná é, tháinig ganntchion €9 milliún nó mar sin chun cinn.
- Líon fáltas aon uaire a bhí níos ísle mar a rabhthas ag súil leis ar chúiseanna éagsúla, as ar lean ganntchion thart ar €450,000 ar fháltais.

Laghdaíodh de €7.648 milliún sa mheastachán forlíontach an meastachán €180.027 milliún a ceadaíodh don fho-mhírcheann seo chun soláthar a dhéanamh do ghanntchion i ranníocaíochtaí aoisliúntais.

**D.2 Fáltais i leith Ciste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile AE**

*Meastachán: €35.025 milliún, fíoraithe: €74.185 milliún*

Bhain an méadú €39.160 milliún i gcomparáid leis an meastachán go príomha le réamhinsint choimeádach ar fháltais fhéideartha CSE a tharraingeofaí anuas le linn 2019 as ar cuireadh €73.826 milliún i bhfáltais CSE ar fáil faoi dheireadh bliana.

Braitheann leibhéal na bhfáltas i mbliain ar bith ar luach na n-iarratas ar íocaíochtaí a rinneadh chuig an gCoimisiún. Is gníomhaíochtaí có-mhaoinithe AE iad Ógtheagmháil, Litearthacht do Dhaoine Fásta agus an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas. Déantar iad a réamh-mhaoiniú as an Vóta Oideachais agus éilítear fáltais AE i ndáil leis na gníomhaíochtaí seo ón gCoimisiún mar riaráiste, de réir fhorálacha rialála AE. Ullmhaíonn BOO na hiarratais ar íocaíocht agus tá siad faoi réir fíoruithe bainistíochta ó SOLAS agus ó na hÚdaráis Bhainistíochta agus Deimhnithe CSE. Fáltais ó dhá iarratas ar íocaíocht a cuireadh isteach chuig an gCoimisiún Eorpach i Meitheamh agus i Samhain 2019 is mó a bhí i dtoradh 2019.

Ceadaíodh €39.147 milliún forlíontach de mhéadú don fho-mhírcheann seo chun fáltais bhreise AE ag éirí as éileamh Shamhain 2019 a chur san áireamh.

**D.4 Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí**

*Meastachán: €3.824 milliún, fíoraithe: €5.598 millún*

Bhain an méadú €1.774 milliún i gcomparáid leis an meastachán go príomha le fáltais aisíocaíochta ró-íocaíochtaí a bheith níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis. Is doiligh leibhéal na bhfáltas seo a thuar go beacht ar an ábhar go bhféadann aisghabhálacha a bheith ar bhonn aon uaire nó ar bhonn céimneach.

**D.5 Ilghnéitheach**

*Meastachán: €3.398 milliún, fíoraithe: €6.321 milliún*

Bhain an méadú €2.923 milliún i gcomparáid leis an meastachán go príomha le fáltais ilghnéitheacha bhreise de €2.273 milliún nach raibh sa mheastachán bunaidh i ngeall ar nádúr éagsúil na bhfáltas sa chatagóir seo agus an €650,000 de bhreis ar fháltais chaipitil i gcistiú údaráis áitiúil ná mar a rabhthas ag súil leis.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 848 | — |
| Aisghabháil maoiniú neamhchaite ón Údarás um Ardoideachas/ An Chomhairle um Thaighde in Éirinn [a] | 716 | 831 |
| Diúscairt sócmhainní | — | 17 |
| Fáltais ó airgead coinsiasa | — | 27 |
| Aistrithe chuig an Státchiste [b] | (1,409) | (27) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | **155** | **848** |

Nóta í

[a] Le linn 2019, fuarthas €716,000 san iomlán ón *HEA* maidir le deontais den Chomhairle um Thaighde in Éirinn i mblianta roimhe seo nár caitheadh. Géilleadh €561,000 don Státchiste in 2019 agus géilleadh an t-iarmhéid de €155,000 in 2020.

[b] Seoladh €1.409 milliún san iomlán ar ais don Státchiste in 2019: fuarthas €561,000 ón HEA in 2019 agus €848,000 in 2018.

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

### 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh bliana [a] | 112,045 | 109,070 |

Nóta [a] Athluadh líon fostaithe 2018 chun 70 Coibhéis Lánaimseartha sa Chomhairle Múinteoireachta (44) agus i gCaranua (26) a chur san áireamh.

Ní áirítear leis na poist tríú leibhéal a thuairiscítear thíos ach na poist chroí-mhaoinithe, mar ní áirítear ach na poist seo i gcomhaireamh foriomlán na mball foirne san earnáil phoiblí.

### 5.2 Foireann na Roinne [a]

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 76,572 | 73,652 |
| Liúntais i leith ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 336 | 293 |
| Liúntais eile | 45 | 48 |
| Ragobair | 616 | 431 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,624 | 5,219 |
| **Pá iomlán** | **83,193** | **79,643** |

Nóta [a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus le liúntais a íoctar le fostaithe sa Roinn agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

## 5.2 Líon ball foirne agus caiteachas pá-choibhneasta gaolmhar Vóta 26

| Catagóir na mball foirne dar tugadh luach saothair | An fomhírcheann ónar eisíocadh na cistí | | Líon fostaithe sa tSeirbhís phoiblí ar 31 Nollaig 2019 | Caiteachas pá-choibhneasta 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | €000 |
| Chéad leibhéal | A.3 | Bunmhúinteoirí | 38,037 | 2,511,757 |
| | A.6.1 | Cúntóirí riachtanas speisialta | 12,605 | 453,304 |
| | A.7.1 | Foireann neamhtheagaisc | 247 | 9,571 |
| Dara leibhéal | A.4 | Meánmhúinteoirí | 19,951 | 1,331,603 |
| | A.5 | Múinteoirí BOO | 12,958 | 727,743 |
| | A.6 (2-3) | Cúntóirí riachtanas speisialta | 3,289 | 111,362 |
| | A.7 (2-4) | Foireann neamhtheagaisc | 2,239 | 99,239 |
| **Fo-iomlán an chéad agus an dara leibhéal** | | | **89,326** | **5,244,579** |
| Tríú leibhéal | C.3 | An tÚdarás um Ardoideachas | 77 | 4,681 |
| | C.4 | Ollscoileanna/institiúidí teicneolaíochta/*RIA*/coláistí oiliúna | 19,310 | 740,512 |
| | C.6 | Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 122 | 10,112 |
| | C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (*DIAS*) | 52 | 4,152 |
| | C.11 | Riarachán i ndáil le deontais do mhic léinn | 84 | 3,851 |
| | C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 22 | 1,723 |
| **An tríú leibhéal – fo-iomlán** | | | **19,667** | **765,031** |
| Foireann na Roinne | (i) | Riarachán | 1,122 | 65,569 |
| | (viii) | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 226 | 17,624 |
| **Fo-iomlán na Roinne** | | | **1,348** | **83,193** |
| Eile | A.11.1 | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | 43 | 3,945 |
| | A.11.4 | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 166 | 12,223 |
| | A.11.5 | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 117 | 6,751 |
| | A.11.7 | An Foras Taighde ar Oideachas | 34 | 1,328 |
| | A.11.9 | Éire Ildánach | 2 | 170 |
| | A.13.1 | An Bord Sásamh | 5 | 384 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| A.13.2 | An Coimisiún ar Dhrochúsáid Leanaí | 1 | 268 |
| A.14 | An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas | 13 | 597 |
| A.14.3.4 | Athchóiriú na hEarnála Poiblí | 30 | 1,274 |
| B.3.1 | Riarachán SOLAS | 217 | 11,260 |
| B.6 | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (*QQI*) | 68 | 1,979 |
| B.5 | Breisoideachas – SOLAS (BOO) | 840 | 105,246 |
| C.8 | Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (*RIAM*) | 63 | 3,089 |
| **Fo-iomlán eile** | | **1,599** | **148,514** |
| **Iomlán** | | **111,940** | **6,241,317** |

**Nótaí** Léiríonn an tábla seo caiteachas pá-choibhneasta ón Vóta le haghaidh foireann teagaisc agus neamhtheagasic, agus foirne cuideachtaí a bhí maoinithe ó Vóta 26 le linn 2019 chomh maith lena n-uimhreacha coibhéise lánaimseartha (CL) ar 31 Nollaig 2019. Cé go n-áirítear sa tábla foireann CL Breisoideachais agus Oiliúna faoi fho-mhírcheann B.5, ní áirítear san fhigiúr caiteachais €13.617 milliún a maoiníodh as an gCiste Náisiúnta Oiliúna le linn 2019.

Áirítear sa mhéid iomlán pá €6.285 milliún a tuairiscíodh i Nóta 1 (i gcomparáid le €6.241 milliún i dTábla 5.2 thíos) deontais eile phá a íocadh as an Vóta chun costais tuarastail foirne nár áiríodh i dtuairisceáin earnála poiblí na Roinne a chlúdach.

Íoctar 105 duine eile ar baill foirne CL iad in *QQI* (B.6), in *HEA* (C.3),i in *DIAS* (C.7) agus in *RIAM* (C.8), Comhairle Múinteoireachta agus Caranua ó mhaoiniú príobháideach, taighde, nó ó mhaoiniú eile státchiste agus ní ó chroíchiste na Roinne Oideachais agus Scileanna. Níl na baill foirne seo san áireamh in uimhreacha na hearnála poiblí sa tábla thuas ach áirítear iad i líon foriomlán na bhfostaithe ag nóta 5.1 thuas.

Ceanglaíonn Ciorclán 27/2019 go ndéanfar costais tuarastail a íoctar le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne a mhiondealú idir tuarastal, liúntais, ragobair agus ÁSPC fostóirí. Ní raibh ar chumas na Roinne an t-eolas seo a chur ar fáil maidir le 2019 ach meastar go mbeidh sé seo indéanta le haghaidh cuntas 2020.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 101 | 7 | 24,770 | 24,765 |
| Liúntais eile | 20 | — | 5,029 | 5,704 |
| Ragobair | 244 | 4 | 19,861 | 20,676 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 11 | 9 | 20,614 | 18,803 |

Ní bhaineann na mionsonraí liúntas agus íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo ach amháin le foireann riaracháin Roinne agus le foireann *NEPS*.

Fuair 16 bhall foirne a bhí ag fáil íocaíochtaí seirbhíse speisialta faoi chomhaontú athstruchtúraithe 1% *PWC AHCPS* €41,350 san iomlán i 2019.

Ceanglaíonn Ciorclán 27/2019 go dtaispeánfar mionsonraí liúntas agus ragoibre a íocadh le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne mar mhíreanna ar leithligh. Ní raibh ar chumas na Roinne an t-eolas seo a chur ar fáil maidir le 2019 ach meastar go mbeidh sé seo indéanta le haghaidh cuntas 2020.

## 5.4 Socruithe luacha saothair eile

Cuireadh 31 státseirbhíseach a bhí ar scoir agus a bhí ag fáil phinsean na Státseirbhíse ag obair arís ar bhonn táille ar chostas iomlán de €145,000 (2018: €162,000) agus chuimsigh seo costais taistil agus chothabhála de €33,000 (2018: €26,000). Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ar 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí tuarastal leis an bhfoireann riaracháin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 96 | 325,264 | 349,794 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 38 | 203,770 | 127,016 |

Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochta in 2019 chuig dhá roinn ar leithligh. B'fhiú €2,586 an méid a aistríodh san iomlán.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí le múinteoirí/neamh-mhúinteoirí agus pearsanra ar scor** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 4,901 | 5,601,665 | 5,065,277 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 742 | 1,570,701 | 1,469,000 |

I gcaitheamh 2019, athíocadh 2,728 cás ró-íocaíochta ina n-iomláine agus b'fhiú €1.638 milliún an aisíocaíocht.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin** | | | |
| Ró-íocaíochtaí | 133 | 1,029,461 | 1,191,994 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 120 | 924,980 | 1,089,821 |

**Ró-íocaíochtaí mar thoradh ar fho-asbhaint den Laghdú Pinsin Seirbhíse Poiblí**

Aithníodh 89 cás pinsinéara in R3 2018 mar a ndearnadh fo-asbhaint den laghdú pinsin seirbhíse poiblí as ar lean ró-íocaíochtaí. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gceannas ar réiteach na faidhbe seo. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcainteanna i gcónaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis na ró-íocaíochtaí seo. Níor aithníodh an méid iomlán go fóill agus níl pleananna aisíocaíochta i bhfeidhm go fóill.

## 5.6 Íocaíochtaí téarfa/iomarcaíochta

Le linn 2019, íocaíodh iomarcaíocht le 84 duine san iomlán trí phárolla na Roinne, i gcáil na Roinne mar phámháistir scoileanna áirithe. B'ionann agus €1.725 milliún an t-iomlán a íocadh agus san áireamh ann bhí íocaíocht as suimeanna iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla, de réir mar a bhí cuí. Sháraigh 56 íocaíocht iomarcaíochta €10,000. Ba é €78,000 an tsuim ba mhó a íocadh in 2019.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus binsí speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2019 | Caiteachas i 2019 | Caiteachas i 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 83,669 | 1,433 | 689 |
| An Scéim Sásamh d’Institiúidí Cónaithe[a,b, c] | 2002 | 1,242,715 | 1,203 | 1,195 |
| | | **1,326,384** | **2,636** | **1,884** |

Nótaí

[a] Anuas ar an €1.243 billiún de chaiteachas iomlán ar an Scéim Sásamh d’Institiúidí Cónaithe ag deireadh 2019, tabhaíodh €10 milliún eile de chaiteachas i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun an Chomhaontaithe Slánaíochta 2002, ina bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas maidir le cásanna ar bith a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim sásaimh.

[b] Ag deireadh 2019, ba é €63.1 mhilliún na costais charnacha riaracháin i gcás an Bhoird Sásaimh d’Institiúidí Cónaithe agus €9.72 milliún i gcás an Choiste Athbhreithnithe ar Institiúidí Cónaithe.

[c] Athluadh caiteachas 2018 ar an mbonn céanna le 2019.

**An t-iomlán a d’íoc cuallachtaí reiligiúnacha**

Rinne 18 cuallacht reiligiúnach a bhainistigh formhór institiúidí cónaithe na leanaí ranníocaíochtaí faoi dhá bhabhta ar leith. Is iad sin:

- Comhaontú slánaíochta 2002 a bhí ina cheangal dlí a d’fhoráil le haghaidh ranníocaíochtaí de €128 milliún; agus
- tairiscintí deonacha 2009 a d’fhoráil le haghaidh €352.61 milliún de ranníocaíochtaí.

Áiríodh ar na tairiscintí breise a rinneadh tar éis fhoilsiú Thuarascáil Uí Riain airgead tirim agus réadmhaoin agus chuir na cuallachtaí luach €352.61 milliún orthu.

Achoimrítear sa tábla thíos na méideanna iomlána a tairgeadh faoin dá bhabhta agus na méideanna a fuarthas go dtí seo. Tá na méideanna seo comhdhéanta de ranníocaíochtaí airgead tirim agus luach na n-aistrithe réadmhaoine araon.

| | **Tairgthe (€milliún)** | **Fíoraithe (€milliún)** |
|---|---|---|
| Comhaontú slánaíochta 2002 | 128.00 | 124.94 |
| Tairiscintí deonacha 2009 | 352.61 | 113.84* |
| | 480.61 | 238.78 |

* Tá aistriú na 15 réadmhaoin seo tugtha chun críche anois ach tá luachálacha le fáil fós i gcásanna áirithe.

**An méid iomlán atá amuigh ó chuallachtaí reiligiúnacha**

Tá gach airgead tirim a tairgeadh faoi chomhaontú slánaíochta 2002, arbh fhiú €65 milliún é, faighte anois. Tá dhá réadmhaoin le haistriú fós ina n-iomláine faoi théarmaí an chomhaontaithe.

Faoi dheireadh 2019, bhí ranníocaíochtaí deonacha airgid a tairgeadh in 2009 nó i mblianta dá éis, ar fiú €110.4 milliún iad, faighte. Tuigtear go n-íocfar €1 mhilliún eile i ranníocaíocht airgid sa tréimhse 2020/2021 agus má fhaightear é íocfar é i leith fhorbairt Ospidéal Náisiúnta na Leanaí mar a fhoráiltear dó in Alt 43 den Acht um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, 2012. Is féidir go bhfaighfear ranníocaíochtaí eile ach ní fios fós na méideanna a bheidh i gceist. Ranníocaíochtaí deonacha airgid tirim is ea iad seo, ní miste a rá.

Tá 15 réadmhaoin a tairgeadh go deonach in 2009 aistrithe ina n-iomláine agus tá dul chun cinn nach beag déanta maidir leis na trí réadmhaoin eile. Is gá obair eile a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh ar thairiscint Chuallacht na mBráithre Críostaí. Tá faichí imeartha san áireamh sa tairiscint sin.

Ní dócha go mbainfear amach luach iomlán na dtairiscintí deonacha in 2009 de bhrí nár glacadh le tairiscintí áirithe agus go raibh luach na réadmhaoin a aistríodh, nó a diúscraíodh, níos ísle i bhformhór na gcásanna ná an luach a chuir na cuallachtaí orthu. Is féidir go n-athróidh sé seo de réir mar a thugtar na haistrithe réadmhaoine eile atá fágtha chun críche.

**Gealltanais iomlána sa todhchaí**

Meastar go ndúnfar an Bord Sásamh agus an Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí a Fhiosrú le linn 2021. meastar go mbeidh €3 mhilliún de chaiteachas breise i gceist.

Foráladh sa reachtaíocht lenar bunaíodh an Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe do thaifid na ndaoine aonair a choimeád faoi rún agus a scriosadh tráth scor na bhforas. Mar sin féin, chinn an Rialtas dá éis go bhféadfadh tábhacht stairiúil chomh mór sin a bheith leis na taifid gur chóir iad a choimeád agus a shéalú sa Chartlann Náisiúnta. Dá thoradh, ní féidir na forais Sásaimh a scor go dtí go mbeidh staid dheireanach na dtaifead sin réitithe.

**Cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 43 den Acht RISF 2012**

Foráiltear in alt 43 d'Acht 2012 i gcás ranníocaíochtaí ó chuallachtaí a sháraíonn an teorainn €110 milliún atá leagtha síos in alt 29 den Acht go gcuirfear iad i gcuntas speisialta in ainm an Aire Sláinte lena n-úsáid do chuspóirí a bhaineann le forbairt an ospidéil nua náisiúnta péidiatrice. Cuireadh €430,00 de ranníocaíocht sa chuntas speisialta sin in 2019.

## 6.2 Costais chúitimh agus costais dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Cúiteamh dáfa | Costais dlí dáfa | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó bhaill den phobal** | 83 | 455 | 1,091 | 516 | 2,062 | 1,692 |
| **Éilimh ó fhostaithe** | 1 | 1 | 45 | — | 46 | — |
| | | **456** | **1,136** | **516** | **2,108** | **1,692** |

Ba é €2.508 milliún (2018: €2.265 milliún) an tsuim a thabhaigh an Roinn i gcostais dlí i ngnó laethúil na Roinne, agus áirítear ann na costais dlí agus na dámhachtainí cúitimh atá liostaithe thuas. Aithnítear sa tábla thuas costais agus táillí dlí a d'íoc an Roinn go díreach agus ní léiríonn sé costais dlí chomhlachtaí eile a dtacaítear leo faoi fho-mhírchinn vótáilte.

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Calaois | 3 | 110 | — |
| Calaois/mírialtacht amhrasach | 2 | 1 | 2 |
| | | **111** | **2** |

Sa tréimhse idir síniú an chuntais leithreasa agus an cuntas deiridh leithreasa, cuireadh an Roinn ar an eolas maidir le cás amháin nua calaoise/mírialtachta. Tá an cás faoi imscrúdú go fóill agus níor cuireadh aon luach leis fós.

## 6.4 Eadráin agus idir-réiteach

Cuimsíonn caiteachas in 2019 íocaíochtaí de €3,621,820 (2018: €6,705,918) [a] a rinneadh le conraitheoirí agus le daoine eile le costais a chlúdach a tháinig de bharr imeachtaí eadrána agus idir-réitigh. Bhí 16 chás ann i 2019 (2018: naoi gcás). Cuimsíonn na figiúirí CBL agus táillí dlíthiúla agus gairmiúla.

Nóta [a] Athluaitear méid 2018 chun gach costas maidir le headráin agus idir-réiteach a chur san áireamh ann, mar shampla costais socrúcháin agus idir-réitigh nár áiríodh go dtí seo.

## 6.5 Cistiú AE

**Tá fáltais i ndáil le cistiú AE a fuarthas le linn 2019 agus a cuireadh i dtaisce i leithreasaí i gcabhair sonraithe sa tábla thíos:**

| Catagóir chistithe AE | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| D2.1 Pá CSE | 50,464 | 76,376 |
| D2.1 Neamhphá CSE | 23,362 | 33,033 |
| D2.3 Tionscadail oideachais CE | 359 | 407 |
| D5.5 Aisíocaíocht ilghnéitheach Chlár *PEACE* IV [a] | 370 | 31 |
| | **74,555** | **109,847** |

Nóta a Athluadh cistiú iomlán an AE do 2018 chun fáltais €31,000 a fuarthas in 2018 faoin gClár *PEACE* IV a chur san áireamh ann.

**Fáltais ó Chiste Struchtúrach na hEorpa (CSE) 2019:**

Baineann fáltais 2019 do Chlár Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) le Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (*PEIL*) 2014-2020 go príomha le dhá iarratas ar íocaíocht a cuireadh isteach chuig an gCoimisiún Eorpach i Meitheamh agus i Samhain 2019. Cabhraíonn clár *PEIL* le daoine atá ar thóir fostaíochta trí infheistíocht a dheánamh i dtacaíochtaí oideachais, scileanna agus fostaíochta.

**Tionscadail oideachais CE:**

Chuimsigh fáltais 2019 faoi thionscadail oideachais CE íocaíochtaí cúitimh le haghaidh costas riaracháin a tabhaíodh chun riar ar an Lárionad don Scolaíocht Eorpach, Dún Seachlainn, Co. na Mí, gníomhaíochtaí a bhain le rannpháirtíocht na hÉireann i Líonra Eolais *Eurydice* Choimisiún na hEorpa agus an tionscadal *Eurostudent* VII 2018-2021.

**Aisíocaíocht faoi Chlár *PEACE* IV:**

Bhain fáltais a fuarthas in 2019 le caiteachas a tabhaíodh mar chuid de chlár *PEACE* IV, a oibríonn ar bhonn aisíocaíocht 80% ón gCoimisiún. Íocann Éire 21% de na clárchostais iomlána, agus íocann Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann an chuid eile. Is é an Roinn Oideachais agus Scileanna an Roinn Cuntasaíochta do ghné Oideachas Comhroinnte an chláir, a mhaoinítear tríd an bhfo-mhírcheann Thuaidh Theas (C.13) den Vóta, agus a chuirtear ar fáil in Éirinn trí Léargas.

**Clár Chiste Sóisialta na hEorpa maidir le hInfhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020 – an staid ag deireadh bliana 2019**

| | Ciste Sóisialta na hEorpa | Tionscnamh Fostaíochta don Óige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Leithdháileadh AE 2014-2020** | 544,516 | 68,145 | 612,661 |
| **Fáltais ag deireadh 2018** | 114,623 | 37,936 | 152,559 |
| Fáltais bhliantúla réamh-mhaoinithe 2019 | 645 | 85 | 730 |
| Fáltais ó iarratais eatramhacha ar íocaíochtaí 2019 | 139,525 | 9,522 | 149,047 |
| **Fáltais iomlána in 2019** | **140,170** | **9,607** | **149,777** |
| **Fáltais iomlána ag deireadh 2019** | **254,793** | **47,543** | **302,336** |
| Fáltais mar % de leithdháileadh 2014-2020 ag deireadh bliana 2019 | 47% | 70% | 49% |

| **Dáileadh Fháltais Chlár CSE 2019** | **€000** |
|---|---|
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 74,360 |
| An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí | 12,730 |
| An Roinn Cosanta | 163 |
| An Ciste Náisiúnta Oiliúna | 61,811 |
| An Roinn Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí | 517 |
| Iarmhéid deiridh ar an gcuntas fionraí ag deireadh 2019 | 196 |
| **Iomlán** | **149,777** |

**Nóta:** Seasann na fáltais ó iarratais ar íocaíochtaí eatramhacha do 90% de leithdháiltí AE de bhrí go gcoimeádann an Coimisiún 10% atá iníoctha tar éis glacadh na gcuntas bliantúil agus léirítear é in iarmhéid na mblianta dá éis.

## 6.6. Cistiú díreach AE do chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne 2019

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach AE chuig forais faoi choimirce na Roinne i gcaitheamh 2019:

| **Foras coimirce** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (*NCCA*) | 11 | 44 |
| An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (*NCGE*) | 61 | 76 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas (*HEA*) | 286 | 252 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (*QQI*) | 754 | 694 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (*IRC*) | 435 | 5,264 |
| Léargas [a] | 16,020 | 13,582 |
| | **17,567** | **19,912** |

Nóta [a] Ní bhaineann an cistiú le haghaidh Léargas ach le cláir oideachais amháin. Athluadh méid 2018 chun cistiú neamh-óige a fuarthas ón AE a chur san áireamh ann.

| **Foras coimirce** | **Cuspóir an chistithe** | **2019** |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (*NCCA*) | *SUSKIDS*, tionscadal chun gur féidir le gairmithe agus teaghlaigh eolas agus scileanna inbhuanaithe a aistriú go daoine a bhfuil Siondróm *Down* acu | 11 |
| An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (*NCGE*) | Ionad *Euroguidance* | 61 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas (*HEA*) | Clar *Erasmus+* a chur chun cinn agus a riaradh | 286 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (*QQI*) | Cuireann an *QQI* rúnaíocht ar fáil do *EQAVET* (an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint) anuas ar bheith mar ionad náisiúnta do *EUROPASS* agus do *NARIC*. | 754 |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (*IRC*) | Daonnachtaí sa Limistéar Taighde Eorpach (*HERA*), Clár *Christ-Era* agus Clár Gníomhartha Comhaltachta Iar-Dhochtúireachta *COFUND* Marie Skłodowska-Curie (*MSCA*) | 435 |
| Léargas | *Erasmus+*, *Eurodesk*, *ECVET*, E twinning *Epale* agus *Euroguidance* | 16,020 |

## 6.7 Díscríobhanna

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíocht taistil agus chothabhála oidhreachta óinchiste | — | 2 |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 39 | 77 |
| | **39** | **79** |

## 6.8 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Glan-ús iomlán íoctha | 7 | 5 |

## 6.9 Iontaobhais oideachais

Infheistíodh iontaobhais oideachais de €2.2 milliún san iomlán thar ceann na Roinne i gcomhchiste infheistíochta faoi mhaoirseacht an Rialtóra Carthanas ag deireadh 2019 (2018: €1.91 milliún). Tá an tAire Oideachais agus Scileanna ina iontaobhaí ar na hiontaobhais oideachais seo i gcónaí.

## 6.10 Imeacht iarchláir chomhardaithe - COVID-19

Ó bhí deireadh leis an tréimhse tuairiscithe, bhí tionchar an-mhór ag éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar an ngeilleagar agus ar oibríochtaí oideachais. Mar sin féin, ní raibh aon tionchar aige ar ráitis airgeadais 2019. Tá an Roinn rannpháirteach sna struchtúir lárnacha comhordaithe maidir le COVID-19 le cur chuige ceangailte sa Rialtas a chinntiú. Tá freagairt an chórais oideachais agus oiliúna ailínithe lenár gcroíthosaíocht náisiúnta de bheatha daoine a tharrtháil, agus a bheith dírithe ag an am céanna ar leanúnachas an oideachais d'fhoghlaimeoirí a chinntiú, lena n-áirítear fócas ar leith ar na mic léinn is leochailí.

Tá raon struchtúr stiúrtha agus rannpháirtíochta curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun tacú leis an gcóras oideachais agus oiliuna agus iad ag déileáil leis na dúshláin nua seo:

- Bíonn cruinnithe rialta ag Bord Bainistíochta na Roinne le cinntiú go ndéantar forbairtí ar fud agus laistigh den earnáil a mheas ar leibhéal sinsearach agus a chomhordú.
- In earnáil na scoileanna, bunaíodh grúpaí rannpháirtíochta de pháirtithe leasmhara chun guth a thabhairt do bhoird bhainistíochta scoile, riarthóirí scoile agus leanúnachas an teagaisc agus na foghlama. Toradh amháin ar na cruinnithe seo ab ea an cinneadh scrúdú na hardteistiméireachta a chur siar agus rogha a thabhairt do dhaltaí gráid ríofa a roghnú.
- San earnáil threasach (ardoideachas agus breisoideachas), bunaíodh grúpa stiúrtha ar an oideachas treasach le cinntiú go mbeadh cur chuige comhtháite ann i leith na ndúshlán a bheidh le sárú ag Éirinn agus ag an earnáil le linn phaindéim COVID-19. Bunaíodh roinnt grúpaí oibre chun díriú ar shaincheisteanna difriúla a thagann chun cinn ón ngrúpa stiúrtha.

Beidh impleachtaí airgeadais ag an bhfreagairt ar dhúshláin COVID-19 ann don Roinn in 2020 agus dá éis. Ní féidir luach a chur leo ag an bpointe seo áfach.

## Aguisín A Cuntais na bhforas faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna

Tugann an tábla a leanas liosta de na forais atá faoi choimirce na Roinne agus áit a mbíonn dualgas ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ag Márta 2019, ar dháta sínithe na gcuntas, an tréimhse dá mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deiridh agus an uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste forais/roinne | Tréimhse chuntas-aíochta iniúchta deiridh | Dáta thuarascáil an iniúchóra | An dáta a bhfuair an tAire/ an Roinn í | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| **Ollscoileanna/Coláistí** [a] | | | | |
| Coláiste Ollscoile Chorcaí (COC) | 2017 | 2 Aib 19 | 24 Aib 19 | 24 Meith 19 |
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) | 2018 | 15 DF 19 | 11 Samh 19 | 7 Ean 20 |
| Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉ Gaillimh) | 2018 | 23 Iúil 19 | 31 Iúil 19 | 30 MF 19 |
| Ollscoil na hÉireann (OÉ) | 2018 | 10 Noll 19 | 17 Noll 19 | 17 Fea 20 |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (*TCD*) | 2018 | 29 Már 19 | 2 Aib 19 | 29 Beal 19 |
| Ollscoil Luimnigh (UL) | 2018 | 17 Noll 19 | 15 Ean 20 | 13 Már 20 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (*DCU*) | 2018 | 19 Noll 19 | 13 Ean 20 | 12 Már 20 |
| Ollscoil na hÉireann, Má Nuad (*NUIM*) | 2018 | 15 Aib 19 | 17 Aib 19 | 17 Meith 19 |
| Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach | 2018 | 8 DF 19 | 29 DF 19 | 19 Noll 19 |
| Coláiste Oideachais San Aingeal,Sligeach | 2018 | 30 DF 19 | 15 Ean 20 | 13 Már 20 |
| An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (*NCAD*) | 2018 | 7 Fea 20 | 17 Fea 20 | 13 Már 20 |
| **Institiúidí Teicneolaíochta** [b] | | | | |
| Baile Átha Luain | 2018 | 10 Iúil 19 | 29 Iúil 19 | 24 MF 19 |
| Corcaigh | 2018 | 9 DF 19 | 8 Samh 19 | 3 Ean 20 |
| Baile Átha Cliath | 2018 | 20 MF 19 | 30 MF 19 | 28 Samh 19 |
| Dún Dealgan | 2018 | 20 Noll 19 | 9 Ean 20 | 9 Már 20 |
| Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | 2018 | 1 Samh 19 | 7 Samh 19 | 17 Noll 19 |
| Gaillimh-Maigh Eo | 2017 | 18 Noll 18 | 21 Noll 18 | 13 Fea 19 |
| Baile Bhlainséir | 2018 | 14 Samh 19 | 22 Samh 19 | 16 Ean 20 |
| Ceatharlach | 2018 | 27 Samh 19 | 5 Noll 19 | 3 Fea 20 |
| Sligeach | 2018 | 10 Noll 19 | 20 Noll 19 | 19 Fea 20 |
| Tamhlacht | 2018 | 14 Samh 19 | 21 Samh 19 | 17 Ean 20 |
| Trá Lí | 2018 | 23 Noll 19 | 9 Ean 20 | 9 Már 20 |
| Leitir Ceanainn | 2018 | 19 Samh 19 | 26 Samh 19 | 22 Ean 20 |
| Luimneach | 2018 | 12 Samh 19 | 2 Noll 19 | 24 Ean 20 |
| Port Láirge | 2018 | 24 Noll 19 | 9 Ean 20 | 9 Már 20 |

| Ciste forais/roinne | An tréimhse chuntas-aíochta dheiridh a iniúchadh | Dáta thuarascáil an iniúchóra | An dáta a bhfuair an tAire/ an Roinn í | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| **Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO)** | | | | |
| An Cabhán agus Muineachán | 2018 | 15 Beal 19 | 21 Beal 19 | 16 MF 19 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 2018 | 26 Samh 19 | 28 Samh 19 | 21 Fea 20 |
| Corcaigh | 2018 | 28 Meith 19 | 16 Iúil 19 | 16 MF 19 |
| Dún na nGall | 2018 | 27 Meith 19 | 4 Iúil 19 | 16 MF 19 |
| Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire | 2018 | 18 Noll 19 | 19 Noll 19 | 21 Fea 20 |
| Gaillimh agus Ros Comáin | 2018 | 7 Lún 19 | 18 DF 19 | 20 Samh 19 |
| Ciarraí | 2018 | 30 DF 19 | 8 Samh 19 | 16 Noll 19 |
| Cill Dara agus Cill Mhantáin | 2018 | 24 Noll 19 | 9 Ean 20 | 9 Máar 20 |
| Cill Chainnigh agus Ceatharlach | 2018 | 7 Lún 19 | 12 Lún 19 | 4 Noll 19 |
| Laois agus Uíbh Fhailí | 2018 | 30 Meith 19 | 16 Iúil 19 | 16 MF 19 |
| Luimneach agus an Clár | 2018 | 23 Noll 19 | 8 Ean 20 | 28 Fea 20 |
| An Longfort agus an Iarmhí | 2018 | 25 Meith 19 | 9 Iúil 19 | 16 MF 19 |
| Lú agus an Mhí | 2018 | 26 Samh 19 | 29 Samh 19 | 18 Noll 19 |
| Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim | 2018 | 19 Noll 19 | 30 Noll 19 | 21 Fea 20 |
| Tiobraid Árann | 2018 | 29 Samh 19 | 4 Noll 19 | 3 Fea 20 |
| Port Láirge agus Loch Garman | 2018 | 13 Noll 19 | 17 Noll 19 | 5 Fea 20 |
| **Forais choimirce** | | | | |
| SOLAS | 2018 | 10 Beal 19 | 30 Beal 19 | 22 Iúil 19 |
| Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 2018 | 29 Samh 19 | 17 Noll 19 | 3 Már 20 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas (*HEA*) | 2018 | 28 Meith 19 | 2 Iúil 19 | 22 Lún 19 |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (*NCCA*) | 2018 | 30 MF 19 | 30 DF 19 | 31 DF 19 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (*NCSE*) | 2018 | 12 MF 19 | 9 DF 19 | 23 MF 19 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (*QQI*) | 2018 | 19 Noll 19 | 9 Ean 20 | 10 Fea 20 |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit (*SEC*) | 2018 | 3 Noll 19 | 6 Noll 19 | 16 Noll 19 |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta | 2018 | 12 Már 19 | 31 Beal 19 | Le cur faoi bhráid |
| An Foras Taighde ar Oideachas | 2019 | 3 Már 20 | 3 Mar 20 | Le cur faoi bhráid |
| Caranua | 2018 | 6 Noll 19 | 9 Noll 19 | Le cur faoi bhráid |
| Cuntas Speisialta Sásaimh | 2018 | 21 Samh 19 | 28 Samh 19 | 9 Noll 19 |
| Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (*DIAS*) | 2018 | 3 Iúil 19 | 9 Lún 19 | 8 DF 19 |
| Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (*RIAM*) | 2018 | 18 Noll 19 | 9 Ean 20 | 9 Már 20 |
| Acadamh Ríoga na hÉireann (*RIA*) | 2017 | 19 Noll 18 | 15 Ean 19 | 13 Már 19 |

**Eile**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Ciste Náisiúnta Oiliúna (*NTF*) | 2018 | 29 Samh 19 | 6 Noll 19 | 18 Noll 19 |

Nótaí [a] Tréimhse an chuntais 1 D. Fómhair go 30 M. Fómhair

[b] Tréimhse an chuntais 1 M. Fómhair go 31 Lúnasa

## Aguisín B Tionscadail mhóra chaipitil a bhfuil €10 milliún nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu san iomlán

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Focheann A.15** | | | | | | |
| 1 | Meánscoil Foghlaim le Chéile Páirc Hans, Baile Átha Cliath 15 [a, b] | 17,329 | 40 | 187 | 17,556 | 17,350 |
| 2 | Gaelscoil na nDeise, Campas Charraig Phiarais, Port Láirge | 14,648 | 522 | 52 | 15,222 | 14,774 |
| 3 | Naomh Colm Cille, Baile Átha Cliath 16 | 16,275 | — | 342 | 16,617 | 16,617 |
| 4 | Coláiste Pobail Ard Giolláin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,638 | 15 | 103 | 13,756 | 13,662 |
| 5 | Meánscoil Temple Carrig, Cill Mhantáin | 12,804 | — | 391 | 13,195 | 12,925 |
| 6 | Bunscoil Naomh Eoin, Ráth an Mhuilinn [a, b] | 12,810 | — | 1,545 | 14,355 | 14,241 |
| 7 | Coláiste Ghlór na Mara, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 14,714 | — | 222 | 14,936 | 14,908 |
| 8 | Foghlaim le Chéile Bhrí Mhór, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 22,602 | 62 | 1,393 | 24,057 | 23,810 |
| 9 | Meánscoil le Chéile, Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15 [a, b] | 19,802 | — | 336 | 20,138 | 19,802 |
| 10 | Scoil Pharóiste Phort Laoise, Co. Laoise [a, b] | 16,270 | — | 723 | 16,993 | 17,027 |
| 11 | Scoil Chuimsitheach Newpark, an Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 14,036 | — | 481 | 14,517 | 14,042 |
| 12 | Iar-bhunscoil Charraig Uí Leighin, Co. Chorcaí [a, b] | 14,500 | — | 213 | 14,713 | 14,580 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 €000 | Caiteachas in 2019 €000 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis €000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 €000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 13 | Coláiste Dhún an Rí, Dún an Rí, an Cabhán | 14,930 | — | 293 | 15,223 | 15,191 |
| 14 | Foghlaim le Chéile Luimnigh, Mungairit, Luimneach [a, b] | 12,484 | 19 | 205 | 12,708 | 12,689 |
| 15 | Scoil Pharóiste Naomh Aodán, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman | 10,262 | 531 | 435 | 11,228 | 10,375 |
| 16 | Scoil Náisiúnta Michael Street, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman [a, b] | 11,057 | 2 | 415 | 11,474 | 11,478 |
| 17 | Coláiste Sancta Maria, Ráth Fearnáin, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 8,510 | 3,335 | 4,611 | 16,456 | 16,419 |
| 18 | Coláiste Chluain Caoin, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 12,816 | — | 76 | 12,892 | 12,893 |
| 19 | Pobalcholáiste Chionn tSáile, Co. Chorcaí [a, b] | 11,148 | 706 | 64 | 11,918 | 11,298 |
| 20 | Meánscoil na mBráithre Críostaí, Sráid Thomáis, Loch Garman [a, b, c] | 15,253 | 190 | 393 | 15,836 | 16,067 |
| 21 | Gairmscoil an Inbhir Mhóir, Cill Mhantáin | 12,269 | 18 | 163 | 12,450 | 12,449 |
| 22 | Coláiste Sinsearach Dhún Laoghaire, Príomhshráid, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath | 10,474 | — | 664 | 11,138 | 11,138 |
| 23 | Scoil Phobail, An Clochán, Co. na Gaillimhe [a, b] | 10,137 | 161 | 152 | 10,450 | 10,303 |
| 24 | Naomh Fintina, Maigh Dearmhaí, Co. na Mí | 10,351 | 122 | 117 | 10,590 | 10,533 |
| 25 | Scoil Naofa Oilbheart Pluincéad, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 7,538 | 3,919 | 3,861 | 15,318 | 13,532 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 26 | Scoil an Stíobhartaigh, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 20 [a, b] | 9,150 | 5,697 | 1,345 | 16,192 | 15,694 |
| 27 | Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 [a, b] | 12,318 | 8,244 | 17 | 20,579 | 18,806 |
| 28 | Colaiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach [a, b] | 10,772 | 5,257 | 451 | 16,480 | 15,892 |
| 29 | Coláiste na Toirbhearta, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 18,159 | 2,082 | 381 | 20,622 | 20,321 |
| 30 | Pobalscoil Chú Chulainn, Dún Dealgan, Có Lú [a, b] | 16,324 | 15 | 1,145 | 17,484 | 17,469 |
| 31 | Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara [a, b] | 16,323 | 8,346 | 26,452 | 51,121 | 38,466 |
| 32 | Gaelscoil Theach Giuise, Tamhlacht, BÁC 24 [a, b] | 11,787 | 20 | 22 | 11,829 | 11,809 |
| 33 | Bunscoil Chlochar na Trócaire, an Nás, Co. Chill Dara [a, b] | 5,289 | 987 | 4,479 | 10,755 | 10,453 |
| 34 | Scoil Náisiúnta Naomh Mochta, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath [a, b] | 9,573 | 2,758 | 170 | 12,501 | 12,025 |
| 35 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le chéile, An Chéim, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 10,063 | 149 | 161 | 10,373 | 10,355 |
| 36 | Choláiste Thulach Mór, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí [a, b] | 11,318 | 196 | 12 | 11,526 | 11,511 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 37 | Scoil Speisialta an Teaghlaigh Ró-Naofa, Muinchille, Co. an Chabháin [a, b, c] | 2,290 | 3,976 | 9,067 | 15,333 | 13,528 |
| 38 | Bunscoil CBS, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir [a, b] | 1,539 | 9,730 | 323 | 11,592 | 11,314 |
| 39 | Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias Assisi, Béal Maighne , Baile Ghrífín, Baile Átha Cliath 13 [a, b] | 9,189 | 3,094 | 5 | 12,288 | 12,005 |
| 40 | Saplings an Mhuilinn Chearr, Bóthar Lynn, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí [a, b] | 769 | 11,406 | 508 | 12,683 | 12,339 |
| 41 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Iarthar na Cathrach, Lána Bhaile an Fhoirtcheirn, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24 [a, b] | 457 | 13,530 | 457 | 14,444 | 13,624 |
| 42 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Ghaillimh Thuaidh, Bóthar Thomáis Uí Eidhin, An Caisleán Nua, Co. na Gaillimhe [a, b] | 575 | 13,816 | 856 | 15,247 | 15,134 |
| 43 | Gairmscoil Mhuire, Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe [a, b] | 578 | 19,068 | 2,687 | 22,333 | 21,815 |
| 44 | Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath [a, b] | 5,499 | 6,440 | 3,581 | 15,520 | 14,362 |
| 45 | Coláiste Dháibhís, Mala, Co. Chorcaí | 2,010 | 4,788 | 3,700 | 10,498 | 10,045 |
| 46 | Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh | 1,153 | 10,343 | 7,269 | 18,765 | 17,974 |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 €000 | Caiteachas in 2019 €000 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis €000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 €000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 47 | Pobalscoil Átha Fhirdhia, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú [e] | 9,751 | 544 | 32 | 10,327 | 10,095 |
| 48 | Scoil Náisiúnta Bhríde, Cnoc Maí, Port Laoise, Co. Laoise [e] | 9,863 | 68 | 127 | 10,058 | 10,039 |
| 49 | SN Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath [e] | 9,176 | 1,692 | 94 | 10,962 | 9,290 |
| 50 | Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba, Cnoc Lín, Baile Átha Cliath 16 | 7,359 | 4,306 | 546 | 12,211 | 10,051 |
| 51 | Pobalscoil Bhaile Átha hAmhnais, Baile Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo [e] | 9,636 | 1,393 | 99 | 11,128 | 10,138 |
| 52 | Scoil Phádraig, Bohreen Hill, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman [a, d] | 385 | 6,404 | 8,520 | 15,309 | 14,979 |
| 53 | Pobalcholáiste Chloich na Coillte, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí [f] | 159 | 3,892 | 7,326 | 11,377 | — |
| 54 | Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Powerstown, Baile an Tirialaigh, BÁC 15 [a, d] | 10,796 | — | 220 | 11,016 | 11,017 |
| 55 | Iar-bhunscoil Shoird, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath [f] | 107 | 15,137 | 7,243 | 22,487 | — |
| 56 | Pobalcholáiste an Náis, Nás, Co. Chill Dara [f] | 1,151 | 1,105 | 21,370 | 23,626 | — |

| | | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 €000 | Caiteachas in 2019 €000 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis €000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019 €000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2018 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 57 | Coláiste Chiaráin, Cnoc an tSamhraidh, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin [f] | 223 | 12,653 | 11,318 | 24,194 | — |
| 58 | Scoil Náisiúnta Dhroim Conrach/Marino, Droim Conrach, BÁC 9 [f] | 46 | 4,479 | 5,901 | 10,426 | — |
| 59 | Gaelcholaiste Charraig Uí Leighin, Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí [f] | 2,041 | 5,778 | 29,257 | 37,076 | — |
| 60 | Scoil Náisiúnta Naomh Pól, An Uaimh, Co. na Mí [f] | 287 | 2,602 | 9,117 | 12,006 | — |
| | | **552,772** | **199,637** | **181,695** | **934,104** | **758,653** |
| **Fo-mhírcheann C.16** | | | | | | |
| 1 | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath/Bloc F Naomh Pádraig | 6,155 | 8,845 | — | 15,000 | 15,000 |
| 2 | Leabharlann Ollscoil Luimnigh | 14,600 | 1,700 | — | 16,300 | 16,300 |
| 3 | Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (Saoráidí Ardoideachais) | — | 10,000 | 7,000 | 17,000 | 17,000 |
| | | **20,755** | **20,545** | **7,000** | **48,300** | **48,300** |
| **Fo-iomlán A.15** | | **552,772** | **199,637** | **181,695** | **934,104** | **758,653** |
| **Fo-iomlán C.16** | | **20,755** | **20,545** | **7,000** | **48,300** | **48,300** |
| **Iomlán** | | **573,527** | **220,182** | **188,695** | **982,404** | **806,953** |

Nótaí

[a] Athluadh an caiteachas carnach go 31 Nollaig 2018 chun táillí seachas táillí na bhfoirne deartha nár taifeadadh roimhe seo mar chaiteachas i dtábla na mórcheangaltas caipitil a chur san áireamh. Tugadh na táillí seo isteach le cinntiú go mbíonn costais tionscadail a thaifeadtar faoi na mórcheangaltais chaipitil ailínithe le costais tionscadail atá taifeadta i sócmhainní caipitil faoi fhorbairt.

[b] Athluadh caiteachas iomlan i saolré tionscadail chun léiriú a thabhairt ar tháillí breise a míníodh i bhfo-nóta a.

[c] Athluadh caiteachas carnach go 31 Nollaig 2018 chun caiteachas na bliana roimhe sin nár tuairiscíodh cheana a chur san áireamh ann.

[d] Tugadh dhá cheann de thionscadail scoile isteach sa tábla in 2019 tar éis athbhreithniú ar thionscadail chaipitil. Ba chóir na tionscadail seo, a mheastar a chosnóidh os cionn €10 milliún an ceann san iomlan, a bheith san áireamh cheana.

[e] Tugadh cúig thionscadal scoile nua isteach sa tábla tar éis athbhreithniú chun caiteachas a ailíniú le sócmhainní caipitil faoi fhorbairt.

[f] Cuireadh tús le seacht dtionscadal scoileanna úra i rith 2019.

**Difríochtaí suntasacha - Fo-mhírcheann A.15**

Tugtar míniú thíos áit ar mhéadaigh/laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta níos mó ná €500,000 ó 2018 go 2019.

**15 Scoil Pharóiste Naomh Aodán, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €853,000*

Bhain an méadú €853,000 ar ghealltanas go príomha le horduithe um athrú maidir le hoibreacha breise ar chlaífort fánánach, líonadh domhain scríde, teanntáin bhreise struchtúrtha ar fhoirgneamh a bhí ann cheana, umar tanúcháin agus fuinneoga.

**19 Pobalcholáiste Chionn tSáile, Co. Chorcaí**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €620,000*

Bhain an méadú €620,000 ar ghealltanais go príomha le horduithe um athrú maidir le soilsiú *LED*, obair bhloic agus mionathruithe ar théamh.

**25 Scoil Naofa Oilbheart Pluincéad, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €1.786 milliún*

Bhain an méadú €1.786 milliún ar ghealltanais go príomha le horduithe um athrú maidir le bailchríoch leasaithe díonta agus éilliú ithreach.

**27 Coláiste Pobail Choill an Rí, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €1.773 milliún*

Bhain an méadú €1.773 milliún ar ghealltanais go príomha le horduithe um athrú maidir le hoibreacha breise ar rochtain ar Halla Corpoideachais, mionathruithe ar fhuinneoga, bailchríocha coincréite, comharthaíocht inmheánach agus seachtrach, claí timpeall ar chúirt liathróide lasmuigh, bacainní breise ar shoilse dín leibhéal agus maisiú péinteáilte ar uchtbhalla/sheolphíobán leictreach, soilsiú *LED* agus cóiríocht shealadach bhreise.

**28 Colaiste Mhuire, an Cnoc Beag, Ceatharlach**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €588,000*

Bhain an méadú €588,000 ar ghealltanais go príomha le horduithe um athrú lena n-áirítear cóiríocht shealadach bhreise, téamh éigeandála, bloc sealadach leithris, lobhadh críon forleathan a leigheas, plástair aoil a athsholáthar agus giarsaí struchtúrtha a athsholáthar.

**31 Iar-bhunscoileanna Mhá Nuad, Co. Chill Dara**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €12.655 milliún*

Bhain an méadú €12.655 milliún ar ghealltanais go príomha le costais a bhain le tairiscintí nua a iarraidh don chonradh tógála de bharr leachtú *Sammon Contracting Ireland Ltd*.

**37 Scoil Speisialta an Teaghlaigh Ró-Naofa, Muinchille, Co. an Chabháin**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €1.805 milliún*

Bhain an méadú €1.805 milliún ar ghealltanais le horduithe éagsúla um athrú maidir le soilsiú *LED* agus draenáil uisce.

**41 Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Iarthar na Cathrach, Lána Bhaile an Fhoirtcheirn, Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €820,000*

Bhain an méadú €820,000 ar ghealltanais go príomha le horduithe um athrú maidir le hithir ar an láithreán a bhaint, éilliú uisce, méadú ar *CCTV* agus ar oibreacha a bhí riachtanach chun Deimhniú Rochtana Míchumais a fháil.

**43 Gairmscoil Mhuire, Béal Átha an Rí, Co. na Gaillimhe**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €518,000*

Bhain an méadú €518,000 ar ghealltanais go príomha le horduithe um athrú lenar áiríodh slándáil an láithreáin, riachtanais bhreise maidir le séarach bréan agus coinníollacha pleanála chun cosáin a thógáil.

**44 Pobalcholáiste Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliatha**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €1.158 milliún*

Bhain an méadú €1.158 milliún ar cheangaltais go príomha le hathruithe ar ordú a bhí riachtanach tar éis an gá le cóiríocht bhreise shealadach agus freisin athruithe ar riachtanais soilsithe, fuinneoga, seomra miotalóireachta agus *SNU* gléghlanta.

**46 Coláiste Chiaráin, Cromadh, Co. Luimnigh**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €791,000*

Bhain an méadú €791,000 ar cheangaltais go príomha le horduithe um athrú maidir le cúinsí talún gan choinne.

**49 Scoil Náisiúnta Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €1.672 milliún*

Bhain an méadú €1.672 milliún ar cheangaltais go príomha le horduithe éagsúla um athrú maidir le soláthar sealadach cumhachta, athsholáthar coire, ceartú ar theorainn agus idir-réitigh.

**50 Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Columba, Cnoc Lín, BÁC 16**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €2.16 milliún*

Bhain an méadú €2.16 milliún ar cheangaltais go príomha le horduithe éagsúla um athrú maidir le soláthar sealadach cumhachta, athsholáthar coire, ceartú ar theorainn agus idir-réitigh.

**51 Pobalscoil Bhaile Átha hAmhnais, Baile Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo**

*Méadú ar an ollchaiteachas ionchais: €990,000*

Bhain an méadú €990,000 ar cheangaltas go príomha le horduithe éagsúla um athrú ag éirí as próiseas idir-réitigh.

## Aguisín C Nóta Eolais ar Thionscadail Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPPanna)

**An Coláiste Náisiúnta Mara**

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (*NMCI*) chun críche i nDeireadh Fómhair 2004. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibre in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

**CPP Cúig Threoirscoil**

Tá na cúig iar-bhunscoil sa bheartán Treoirscoileanna CPP lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le *Jarvis Projects Ltd* i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

**Scoil Cheoil Chorcaí**

Is i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le *Hochtief* chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007.

**An Chéad Bheartán Scoileanna CPP**

Is i Márta 2009 a síníodh conradh le *Maquarie Partnerships for Ireland* chun na ceithre iar-bhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

**An Dara Beartán Scoileanna CPP**

Is i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le *Maquarie Partnerships for Ireland* chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i dTeampall Bheirchín, Baile Chill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i mBaile Chill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na scoileanna seo ag feidhmiú idir Iúil 2011 agus Deireadh Fómhair 2011.

**An Tríú Beartán Scoileanna CPP**

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Tríú Beartán Scoileanna CPP Tá siad suite i mBéal an Átha Mhóir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); i nDún, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is i Samhain 2012 a síníodh conradh le CPP *BAM* chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil seo ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP**

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i dTulla, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co. Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Is i Nollaig 2014 a síníodh conradh le CPP *BAM* chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna seo ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP**

Tá ceithre iar-bhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin sa 5ú Beart den Tionscadal Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí. Tá siad suite i gCeatharlach (1 scoil agus 1 Coláiste Breisoideachais); i gCeanannas, Co. na Mí, i mBré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil) agus i Loch Garman. In Iúil 2016, síníodh conradh le *Inspired Spaces Bundle 5 (Ireland) Ltd*. chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. Cuireadh tús feidhme leis an tseirbhís in dhá scoil i mBré agus i gceann amháin i Loch Garman in 2018. Cuireadh tús leis an tseirbhís sa scoil i gCeanannas i Meitheamh 2019, bhain an scoil eile a bhí fágtha agus an CB i gCeatharlach tús seirbhíse amach in Iúl agus i Lúnasa 2019 faoi seach.

**Tionscadal CPP Chearnóga Ghráinseach Ghormáin**

Cuirfidh Tionscadal CPP Ghráinseach Ghormáin, atá comhdhéanta de na Cearnóga Láir agus Thoir, bonneagar suntasach acadúil ar fáil d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Gormáin. Is i Márta 2018 a síníodh conradh chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, agus a chothabháil. Tá an tógáil sceidealta le bheith críochnaithe i lár 2020.

## Aguisín D Cistiú díreach ó Vóta 26 chuig Boird Oideachais agus Oiliúna (de réir fó-mhírchinn) [a]

Tugann an tábla a leanas liosta den chistiú díreach chuig Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) i rith 2019 de réir fo-mhírchinn i gcomparáid le figiúir i gcomhair 2018.

| | | 2019<br>Méid an chistithe do BOO<br>€000 | 2018<br>Méid an chistithe do BOO<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Clár A – Oideachas chéad leibhéal, dara leibhéal agus luathbhlianta** | | | |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) chuig bunmhúinteoirí | 85 | 27 |
| A.5 | Deontais le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) i ndáil le tuarastail múinteoirí | 727,743 | 692,008 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | 40,594 | 36,691 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) baill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | 78,928 | 75,514 |
| A.8 | Pinsin BOO | 243 | — |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | 738 | 632 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitlíocht) iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus leheagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile | 83,374 | 76,039 |
| A.11 | Deontais d'fhorais oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | 382 | 95 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | 1,948 | 1,944 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 9,045 | 6,194 |
| A.15 | Bonneagar bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna [b] | 92,250 | 84,328 |
| A.16 | Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha [b] | 665 | 136 |
| **Clár A Suim iomlán íoctha le Boird Oideachais agus Oiliúna** | | **1,035,995** | **973,608** |
| **Clár C - Ardoideachas** | | | |
| C.11 | Tacaíocht do mhic léinn agus costais bhainteacha | 356,701 | 371,588 |
| **Clár C Méid iomlán íoctha le Boird Oideachais agus Oiliúna** | | **356,701** | **371,588** |
| **Móriomlán íoctha le Boird Oideachais agus Oiliúna** | | **1,392,696** | **1,345,196** |

Nótaí

[a] Cuimsíonn an tábla seo cistiú a tugadh go díreach do Bhoird Oideachais agus Oiliúna ó fhomhírchinn Vóta. Ní chuimsíonn sé cistiú a tugadh trí SOLAS ó acmhainní an Státchiste ná ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.

[b] Fo-mhírcheann A15 Bonneagar Bunscoile agus Iar-bhunscoile a taifeadadh roimhe seo faoin bhfo-mhírcheann D.3 Tógáil, trealamh agus feistiú bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus fo-mhírcheann A16 Scoileanna comhpháirtíochta príobháidí poiblí a taifeadadh roimhe seo faoi D.5 Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP). Tá na costais seo léirithe anois sa cholún do mhéid an chistithe BOO 2018.